



Údarás na
Gaeltachta

40 bliain
1980–2020



Bunaíodh Údarás na Gaeltachta
chun an Ghaeilge a neartú mar
theanga phobal na Gaeltachta,
trí chúrsaí fostaíochta, sóisialta
agus cultúir a fhorbairt agus
a chur chun cinn.



Clár

Cé Muid Féin

4-11

Réamhfhocal an Chathaoirligh	5
Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Céard é an Ghaeltacht?	8
Céard é Údarás na Gaeltachta	10
An Cuspóir Eacnamaíochta	10
An Cuspóir Sóisialta	11
An Cuspóir Cultúrtha	11

Forbairt Pobail

12-19

Eagrais Forbartha Pobail	12
Fuinneamh In-athnuaithe	14
Turasóireacht	15
Fiontraíocht Shóisialta	16
Scéimeanna Fostaíochta Pobail	17
Scéim Fiontair Pobail	19

Fostaíocht

20-39

Bia & Deoch	22
Déantúsaíochta & Innealtóireacht	24
Éadaí & Teicstíl	26
Fiontair theanabhunaithe	28
Leigheas & Cógasaíocht	30
Earnáil na Mara	32
An Earnáil Chlosamhairc	36
Ealaín & Ceardaíocht	38

Maoin

40-47

Mumhan	42
Connacht	43
Uladh	43
gteic	44

Teanga

48-57

Pleanáil Teanga	50
#SeoíAnGhaeltacht	52
Cur chun cinn na Gaeilge sa Ghnó	53
Imeachtaí Fíorúla	54
Gaeilge sna Cliaint Chomhlachtaí	55
Ionaid Seirbhísí Teanga	57

Oiliúint & Oideachas

58-65

Cás-Staidéir	60
Printíseachtaí	63
Tacaíochtaí	64

Fochuideachtaí Agus Eile

66-69

Muintearas	67
Ealaín na Gaeltachta	68
Comhar Naíonraí na Gaeltachta	69

Diaspóra

70-71

Ireland's Gaeltacht Experience	71
Nasc le hAlbain	71

Turasóireacht

72-77

Teach Solais Fhánada	74
Uisceadán Dhaingean Uí Chúis	75
Ionad Cois Locha	76
Ionad na Feamainne	77

Gaeltacht Na hÉireann

78-82

An Branda	79
-----------	----

Ár Stair

82-88

Bunú	84
Éabhlóidiú	85
Teanga	87
Reatha	88



Réamhfhocal Cathaoirleach



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach,
Údarás na Gaeltachta

→ Bádóirí óga ag i gConamara ag dul faoi dhroichead Mhuiceanach idir Dhá Sháile, an logainm is faide in Éirinn.

Tá cloch mhíle shuntasach an dá scór bainte amach ag Údarás na Gaeltachta, uair a bhfuil athruithe móra tagtha ar shochaí agus ar eacnamaíocht na Gaeltachta, agus an domhain mhóir go deimhin, i gcaitheamh an ama sin.

Ar an 1 Eanáir 1980, bunaíodh Údarás na Gaeltachta, díscáileadh Gaeltarra Éireann agus aistríodh feidhmeanna agus foireann Ghaeltarra chuig an Údarás. Ag léamh siar domh ar thuarscáil na bliana sin, tá sé soiléir gur leagadh síos dúshraith láidir ón tús a chuimsigh spriocanna leitheadacha na heagraíochta: fostaíocht a chur ar fáil le cinntiú go mbeadh deis ag na cainteoirí dúchais Gaeilge fanacht sa bhaile sa Ghaeltacht; tacaíocht a thabhairt don fhorbairt pobail; tacaíocht a thabhairt do naíonraí agus clubanna óige; scéimeanna a bhunú le hoiliúint a chur ar chainteoirí Gaeilge mar bhainisteoirí. San aitheasc a thug sí ag an chéad chruinniú den Bhord úr, rinne Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn, T.D., coimriú ar phríomhchuspóir an Údaráis: ‘cainteoirí Gaeilge a choinneáil sa Ghaeltacht agus iad a choinneáil ag labhairt na Gaeilge.’ Cé gurb é seo croí na ceiste, tá forbairt nach beag déanta ar an aidhm sin ó shin, forbairt a fhreagraíonn do na hathruithe atá tarlaithe sa tsaol, sa gheilleagar agus go deimhin i bpobal na Gaeltachta féin.

Ag deireadh na bliana tar éis a bhunaithe, bhí 4,053 post lánaimseartha sa Ghaeltacht a fuair tacaíocht ón Údarás; ag tús 2020 bhí 7,844 post leis an tacaíocht sin, íocaíochtaí párolla os cionn €180m agus díolachán os cionn €800m. Tá na fostaíthe seo ag obair in earnálacha na déantúsaíochta, na teicneolaíochta, an taighde, na n-ealaíon, na n-eolaíochtaí, an


leighis, an bhia agus na dí, ag cur táirgí ar fáil atá ar ardchaighdeán, ní amháin ar leibhéal náisiúnta ach go hidirnáisiúnta. Bunaíodh gréasán mol digiteach na Gaeltachta atá ag freagairt do na modhanna nua oibre sa 21ú céad. Tá próiseas pleanála teanga faoi lánseol ar fud na Gaeltachta. Cuirtear tacaíocht ar fáil do 33 eagrais forbartha pobalbhunaithe. Tá gné idirnáisiúnta na hoibre iontach tábhachtach chomh maith, sa dóigh is go mbíonn muid ag foghlaim ón chleachtas is fearr i dtíortha eile agus, i gcásanna áirithe, go mbíonn siadsan ag foghlaim uainne.

Tá pobal na Gaeltachta féin athraithe go mór le daichead bliain. Is pobal iad a bhfuil ardchaighdeán oideachais acu agus a bhfuil taithí saoil acu sa bhaile agus thar lear. Mar sin de, is ar an chomhpháirtíocht atá an bhéim sa Straitéis do na blianta 2021–25: cumasú, neartú, inbhuanaitheacht. Is cinnte go mbeidh dúshláin romhainn ach tá mé cinnte go rachaidh an tÚdarás i ngleic leis na dúshláin sin, lámh ar lámh leis an phobal.

Ar deireadh ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na fir agus na mná a d'oibrigh go dian dícheallach le daichead bliain anuas ar fhoireann agus ar Bhord an Údaráis ar mhaithe le pobal na Gaeltachta, lenár dteanga agus lenár gcúltúr.

Caithfear aitheantas a thabhairt don réimse leathan daoine ó gach cuid den tír a d'oibrigh agus atá fós ag obair leis an Údarás. Bhí, agus tá, na daoine seo ag freastal ar phobal na Gaeltachta agus an fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha á cur chun cinn.

Réamhfhocal Príomhfheidhmeannach



Mícheál Ó hÉanaigh
Príomhfheidhmeannach,
Údarás na Gaeltachta

Tá cloch mhíle shuntasach an dá scór bainte amach ag Údarás na Gaeltachta i mbliana agus tá deis á glacadh againn breathnú siar ar an méid atá bainte amach ó 1980, aitheantas a thabhairt don obair a cuireadh i gcrích agus, go deimhin, dóibh siúd a thug faoin obair thábhachtach sin. Tá tionchar na hoibre sin le brath ar Ghaeltacht an lae inniu agus forbairt nach beag déanta ar chruthú fostaíochta, ar fhorbairt acmhainní nádúrtha na réigiún, ar oiliúint agus scileanna a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta, ar fhorbairt pobail agus an Ghaeilge, mar theanga phobal na Gaeltachta, á neartú agus á cothú.

Ar ndóigh, tá ról i bhfad níos leithne ag an Údarás anois ná mar a bhí nuair a bunaíodh an eagraíocht an chéad lá riamh agus tá athruithe nach beag tagtha ar shochaí na Gaeltachta i gcaitheamh an ama sin. Is fiú go mór, dá bhrí sin, agus muid ag breathnú chun cinn, féachaint ar an ról lárnach a bheidh ag an Údarás sna blianta amach romhainn. Tá straitéis nua na heagraíochta á ullmhú i láthair na huairé agus é mar aidhm leanúnach againn tógáil ar an obair shuntasach atá bainte amach go dtí seo le cinntiú go mbeidh Gaeltacht na hÉireann ag feidhmiú agus aitheanta mar réigiún eiseamláireach ar chaighdeán domhanda, bunaithe ar chultúr, ar dhúchas, ar nuálaíocht agus ar chruthaitheacht an phobail shainiúil seo.

Ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 1980, tá freastal déanta ag baill ó cheantair éagsúla sa Ghaeltacht ar bhord na heagraíochta. Bhí cuid díobh seo tofa go díreach ag an bpobal agus bhí an chuid eile roghnaithe ag an Aire. Roinn gach duine acu a gcuid taithí, a scileanna agus a gcuid eolais ar an nGaeltacht leis an mBord agus straitéis an Údaráis á chur i bhfeidhm ó 1980 i leith. Caithfear aitheantas a thabhairt chomh maith don réimse leathan daoine ó gach cuid den tír a d'oibrigh agus atá fós ag obair leis an Údarás. Bhí, agus tá, na daoine seo ag freastal ar phobal na Gaeltachta agus an fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha á cur chun cinn. Tá páirt leanúnach á glacadh i ngníomhaíochtaí trasearnálacha ar mhaithe le freagrachtaí agus dualgais an Údaráis a chur i gcrích.

Mar atá luaite agam, tá an réimse gníomhaíochtaí agus dualgais atá idir lámha ag an Údarás níos leithne ná riamh. Bhí, agus tá, go leor páirtneírí a chomhoibrigh leis an Údarás le dhá scór bliain anuas, Roinn na Gaeltachta, na heagrais pobalbhunaithe éagsúla, gnóanna Gaeltachta agus mórán eile nach iad. Beidh an chomhpháirtíocht seo mar bhunchloch ag an Údarás sna blianta amach romhainn.



Tá an Ghaeltacht ar cheann de na réigiúin is áille agus is saibhre, i dtaobh cultúir agus oidhreachta de, ar domhan.

Céard é an Ghaeltacht?

UIMHREACHA

96,090

Is é daonra iomlán na Gaeltachta i láthair na huairé ná 96,090 (Daonáireamh 2016).

7

Clúdaíonn an Ghaeltacht codanna leathana de chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, Ghaillimh agus Chiarraí chomh maith le codanna de chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge.

6

Tá sé oileán Gaeltachta a bhfuil cónaí orthu ann chomh maith.

Tá an Ghaeltacht ar cheann de na réigiúin is áille agus is saibhre, i dtaobh cultúir agus oidhreachta de, ar domhan.

Is éard í an Ghaeltacht ná na ceantair ina bhfuil, nó ina mbíodh go dtí le gairid, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha an phobail, scaipthe den chuid is mó anuas cósta iarthar na hÉireann.

Tugadh aitheantas den chéad uair do na ceantair Ghaeltachta go gairid i ndiaidh bhunú an Stáit nua i dtús na 1920idí. Cé go bhfuil taighde cuimsitheach agus sainiú úr déanta ar na ceantair Ghaeltachta ó shin i leith, tá aitheantas tugtha ag Rialtais i ndiaidh a chéile go bhfuil gá le bearta, struchtúir agus maoiniú ar leith chun cothabháil agus treisiú na bpobal seo a chinntiú.

Go deimhin, tá an Ghaeilge i saol an lae inniu ar cheann de na hacmhainní nádúrtha is sainiúla sa tír agus is sa Ghaeltacht atá cónaí ar phobal labhartha a bhfuil nasc acu, nach féidir a bhriseadh, le céad chainteoirí na teanga sin. Tá an-tábhacht ag baint le cothú agus le cosaint na gceantar Gaeltachta dá réir sin, agus tá sé mar phríomhchuspóir ag Údarás na Gaeltachta an Ghaeilge a neartú mar phríomhtheanga an phobail sna ceantair seo. Bronnann an Ghaeilge, mar theanga dhúchais na tíre, deis

luachmhar orainn an leas is fearr a bhaint as luachanna na héagsúlachta agus na haeistéitiúla agus Gaeltacht láidir á chothú agus á threisiú sna blianta amach romhainn.

Tá sé tábhachtach chomh maith sainiúlacht na gceantar seo a aithint i gcomhthéacs domhan nasctha an lae inniu agus de bharr gur as tobar na teanga a eascraíonn go leor saibhris de shaghsanna eile atá beo beathach sa Ghaeltacht. Tá cultúr láidir ealaíon traidisiúnta sa Ghaeltacht agus cáil ar mhuintir na Gaeltachta as a gcuid damhsa, amhránaíochta, ceardaíochta agus mórán eile nach iad. Tá an cultúr agus an spiorad fiontraíochta Gaeltachta ag neartú i gcónaí agus tá ag éirí le muintir na Gaeltachta an-dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí gnó.

Is é daonra iomlán na Gaeltachta i láthair na huairé ná 96,090 (Daonáireamh 2016). Clúdaíonn an Ghaeltacht codanna leathana de chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, Ghaillimh agus Chiarraí chomh maith le codanna de chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge. Tá sé oileán Gaeltachta a bhfuil cónaí orthu ann chomh maith.



Tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ag croílár ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta.

Céard é Údarás na Gaeltachta?

UIMHREACHA

1980

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 1980. Tá an ghníomhaireacht Stáit seo freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta.

8,000

Tá suas le 8,000 duine fostaithe go lánaimseartha i gcliántchomhlachtaí an Údaráis.

Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, bunchuspóir Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe.

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 1980. Tá an ghníomhaireacht Stáit seo freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta.

An Cuspóir Eacnamaíochta

Meallann an tÚdarás infheistíocht chun na Gaeltachta agus baintear é seo amach trí réimse dreasachtaí airgeadais agus neamhairgeadais a chur ar fáil d'fhiontair nua agus d'fhiontair atá bunaithe cheana féin sa Ghaeltacht.

Cuireann an eagraíocht tacaíocht ar fáil do ghnóthaí margai nua, teicneolaíochtaí agus comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bhunú trí thaighde agus forbairt. Feidhmíonn na cuideachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht i raon leathan earnálacha tráchtála ina measc – na heolaíochtaí saoil, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, turasóireacht, próiseáil éisc agus dobharshaothrú, fuinneamh in-athnuaite, bia, déantúsaíocht nideoige, cúrsaí closamhairc agus na meáin dhigiteacha, an ealaín agus ceardaíocht.

Tá tuairim agus 8,000 duine fostaithe go lánaimseartha i gcliántchomhlachtaí an Údaráis. Tá tionchar eacnamaíoch suntasach ag na cliántchomhlachtaí seo ar eacnamaíocht na tíre.



→ Daltaí bunscoile ag scrúdú sliogiasc ag Lá na Mara i gCill Chiaráin, Conamara

→ Deiseanna fostaíochta san eolaíocht á léiriú ag lá oscailte do scoileanna eagraithe ag an Údarás



UIMHREACHA

>12%

Tá ardú de bhreis agus 12% tagtha ar fhostaíocht i gcliántchomhlachtaí an Údaráis le 7 mbliana anuas

11

Tá an leibhéal is airde fostaíochta i gcliántchomhlachtaí le 11 bliain.

An Cuspóir Sóisialta

Tá páirt ghníomhach ag muintir na Gaeltachta i bhforbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a gceantair, go mórmhór trí ghrúpaí eagraithe ar nós comharchumainn phobail agus eagrais pobalbhunaithe.


Gníomhaíonn an tÚdarás mar éascaitheoir do na grúpaí seo trí chomhairle, cúnaimh agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil a chuidíonn leis na grúpaí seo a bheith ina n-acmhainní láidre réamhghníomhacha ina bpobail féin.

Comhoibríonn an tÚdarás go dlúth le grúpaí pobail ar mhaithe le scéimeanna fostaíochta sóisialta a riaradh, tacú le clubanna óige agus le grúpaí réamhscoilaíochta agus le feabhsú an infreastruchtúir shóisialta trí ghníomhaíochtaí ar nós cúnaimh a chur ar fáil don aosach agus do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste.

An Cuspóir Cultúrtha

Tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ag croílár ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta. Cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil le haghaidh réimse de ghníomhaíochtaí straitéiseacha teanga agus cultúrtha chomh maith le tacú leis an teanga trí ghnásanna na heagraíochta féin.

Tacaíonn an tÚdarás le daoine aonair, le grúpaí pobail agus le cuideachtaí a chumhdaíonn an Ghaeilge agus a chuireann na gnáth-thimpeallachtaí ar fáil ina dtagann an teanga i mbláth a maitheasa. Mar shampla: Ionaid Seirbhísí Teanga, Réamhscoileanna Gaeilge, Gaeilge sa Ghnó, Dreasachtaí le Teangacha a Fhoghlaim.



→ Cuireann Údarás na Gaeltachta ceol traidisiúnta agus gnéithe eile den chultúr chun cinn trína fhochuideachta, Ealaín na Gaeltachta

01 Forbairt Pobail

Tá eagrais forbartha pobail na Gaeltachta lárnach i bhforbairt na Gaeltachta agus i gcur i bhfeidhm straitéis Údarás na Gaeltachta.

Déanann an tÚdarás maoiniú ar ghréasán d'os cionn 30 eagrais forbartha pobail agus bíonn na heagrais forbartha, idir chomharchumainn agus chomhlachtaí pobalbhunaithe, lárnach i dtograí turasóireachta, pleanáil teanga, fuinneamh in-athnuaite agus an gréasán gteic, i measc tograí eile.

Tá sé mar aidhm ag straitéis forbartha pobail Údarás na Gaeltachta, na pobail Ghaeltachta a chumasú lena gcuid acmhainní a fheabhsú agus a fhorbairt.

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil forbairt eacnamaíochta, caomhnú an chultúir agus na teanga, agus cruthú fostaíochta fite fuaite ina chéile agus lárnach i bhforbairt eacnamaíochta na Gaeltachta.

Mar chuid den obair forbartha pobail, déanann an tÚdarás riaradh ar scéimeanna fostaíochta sóisialta, cuireann sé tacaíocht ar fáil do ghrúpaí réamhscolaíochta, do chlubanna óige, tionscnaimh ealaíona agus cultúrtha agus ionad seirbhísí teanga.

Comharchumann Mhic Dara



D'fhorbair Comharchumann Mhic Dara Eastát Glas ar an gCeathrú Rua i gContae na Gaillimhe, an ceantar ina bhfuil siad ag feidhmiú, mar gur chreid siad go raibh sé tábhachtach togra fuinneamh in-athnuaithe a chur chun cinn ina gceantar feidhme, ar mhaithe leis an timpeallacht, ar mhaithe leis an eacnamaíocht shóisialta agus ar mhaithe le sláinte an phobail.

Sa tionscnamh, thug an Comharchumann faoi 160KW de painéil solar Fótavoltach (PV) a hinsealbhú ar dhíonta ar a gcuid láthair oibre féin agus ar fhoirgnimh eile ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua.

Tugadh faoin togra ar an mbunús go mbeadh an togra ina eiseamláir d'áiteanna agus eastát eile ar fud na Gaeltachta, ag cuidiú le

spriocanna an Rialtais leibhéal dé-ocsaíd charbóin (80%) a laghdú, agus costais leictreachais ar an gComharchumann agus ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil a laghdú.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Is comhpháirtíocht atá sa tionscadal seo idir Comharchumann Mhic Dara Teo, Forum Connemara (LEADER) agus Údarás na Gaeltachta. Tá forbairt tionscnaimh fuinneamh in-athnuaithe mar chuid de Straitéis an Údaráis agus aithnítear go bhfuil deiseanna ann do na heagrais forbartha pobail tionscnaimh éagsúla a chur chun cinn san earnáil seo. Tá gach cúnamh agus cabhair ghairmiúil le fáil ón Údarás maidir le forbairt tionscnaimh san earnáil seo, agus i bhforbairt cur chuige comhpháirtíochta ar mhaithe le heagrais forbartha pobail.



Áras Scéalta an Atlantaigh



→ Teach solais an Fhóid Dhuibh ar leithinis Iorrais

D'eascair *Áras Scéalta an Atlantaigh* as an bpobal áitiúil a bhí ag iarraidh ceiliúradh a dhéanamh agus léirmhíniú a thabhairt ar stair agus ar chultúr an Fhóid Duibh agus leithinis Bhéal an Mhuirthead. Sa togra seo, táthar ag tabhairt na gnéithe is uathúla agus is áille ar an leithinis le chéile, turasóireacht, teanga agus cultúr ina measc, i dtionscnamh atá á thiomáint ag an eagraíocht forbartha pobail áitiúil, Comharchumann Deirbhile.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

D'oibrigh Údarás na Gaeltachta go dlúth le Comharchumann Deirbhile chun coincheapa agus iarratais ar mhaoiniú a fhorbairt *d'Áras Scéalta an Atlantaigh*. I 2019, fuarthas €2.5 milliún ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta chun an tionscadal seo a fhorbairt. Tá an tÚdarás ag obair go gníomhach ar an tionscadal seo le na geallsealbhóirí ar fad chun taitneamhacht thumhthach, uile-aimsire do chuartheoirí a chur ar fáil sa réigiún.

Drioglann Inis Chléire



Dea-shampla d'fhiontraíocht shóisialta na n-eagrais forbartha pobail agus de na deiseanna a bhronnann fiontar den chineál seo ar an bpobal is ea Drioglann Inis Chléire. Go deimhin, is é an t-aon drioglann dá leithéid lonnaithe ar oileán in Éirinn agus tá an jin '3SQ.MILES' anois á tháirgeadh agus á dhíol go háitiúil agus níos faide ó bhaile.

Bhunaigh Comharchumann Chléire an comhlacht neamhspleách Drioglann Inis Chléire Teoranta le tabhairt faoin bhfiontar. Rinne pobal Chléire féin infheistíocht sa chomhlacht agus tháinig grúpa de mhná an oileáin le chéile le hoidis éagsúla don jin a

mheascadh agus a fhorbairt go dtí go raibh blas an oileáin aimsithe acu. Tá go leor scairshealbhóirí ag an gcomhlacht anois agus bhí ról lárnach ag cuid acu sin i bhfeachtas chun infheistíocht don bhfiontar a mhealladh.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Chabhraigh Údarás na Gaeltachta le Comharchumann Chléire i bhforbairt na drioglainne ón tús, le tacaíocht do staidéar féidearthachta agus do sheirbhísí comhairleoireachta. Agus an togra á fhorbairt, chuidigh an tÚdarás tuilleadh le deontais chaipitil agus oiliúna, chomh maith le clár oiliúna a fhorbairt.

→ Jin ó Dhrioglann Inis Chléire

UIMHREACHA

1,000

Bíonn breis agus 1,000 rannpháirtí fostaithe i Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta ar fud na Gaeltachta.

50

Tá 50 saoise fostaithe i Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta ar fud na Gaeltachta.

Tá na Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta lárnach i dtograí pobail ar fud na Gaeltachta, ar nós forbairt agus feabhsú áiseanna pobail, spórt, tírdhrechtú agus caomhnú láithreacha oidhreachta.

Scéimeanna Fostaíochta Pobail



Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, a bhfuil ról agus tionchar tábhachtach acu agus taithí oibre agus oiliúint á gcur ar fáil do phobal na Gaeltachta.

Bíonn breis agus 1,000 rannpháirtí, chomh maith le tuairim agus 50 saoise, fostaithe ar fud na Gaeltachta dá réir sin, agus tá cur chuige forbartha ag an Údarás maidir le hobair na n-eagrais forbartha pobail sa Ghaeltacht agus na Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta a nascadh le chéile ar bhonn straitéiseach.

Tá na Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta lárnach i dtograí pobail ar fud na Gaeltachta, ar nós forbairt agus feabhsú áiseanna pobail, spórt, tírdhrechtú agus caomhnú láithreacha oidhreachta.

Tugann na scéimeanna taithí oibre do dhaoine atá dífhostaithe agus cuirtear béim ar fhorbairt na rannpháirtithe iad féin a chumasú don líon fostaíochta.

Forbairt Pobail

Tá saolré nua bronnta ar an té a bhíonn ag siúl, rothaíocht agus ag rith i gcroílár Chonamara.

SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL

Bealaí Siúil & Rothaíochta Seanamhach



Sampla den scoth is iad seanbhóithre portaigh Sheanamhach in aice le Casla i gConamara den obair a dhéanann scéimeanna fostaíochta sóisialta sa Ghaeltacht. Tá aithne i gConamara ar bhóithre portaigh Sheanamhach, iad garbh, lán le poill tar eis na mblíanta de leoraithe agus tarracóirí ag tarraingt móna as na portaigh.

Faoi stiúir Comhairle Ceantar na nOileán agus Údarás na Gaeltachta, tá saoiú agus rannpháirtithe na scéimeanna fostaíochta sóisialta tar éis na seanbhóithre seo a uasghrádú agus áis luachmhar pobail a dhéanamh dóibh. Le gairbhéil úr ar na bóithre, chomh maith le áiseanna picnice agus eile, tá saolré nua bronnta ar an té a bhíonn ag siúl, rothaíocht agus ag rith i gcroílár Chonamara.

Scéim Fiontair Pobail

Is í aidhm an Scéim Fiontair Pobail ná cabhrú le coistí nó le heagrais forbartha pobail sa Ghaeltacht tabhairt faoi fhiontair pobail.

Tá an scéim ar fáil do na coistí agus do na heagrais forbartha pobail sa Ghaeltacht atá cláraithe le húdarás

na Gaeltachta agus atá ag feidhmiú ar bhunús daonlathach agus gur eagrais iad a dhéanann ionadaíocht thar ceann a bpobal áitiúil, pobal ar a bhfuil siad ag freastal, agus atá ag feidhmiú de réir phlean oibre atá aontaithe le hOifig Réigiúnach an Údaráis.

SCÉIM FIONTAIR POBAIL

Muileann Coirce Leitir CTR



→ Is beag muileann coirce traidisiúnta dá leithéid seo atá fós ina sheasamh in Éirinn

Tá seanmuileann coirce de chuid an naoú haois déag ar cheann de na láithreacha oidhreachta is tarraingtí i bparóiste Chill Charthaigh. Tá obair mhór déanta ar an muileann go dáta ach le obair chaomhnaithe agus obair dheisithe breise de dhíth go géar, d'oibrigh úinéir an mhuilinn i gcomhar le Comhairle Paróiste Chill Charthaigh chun maoiniú LEADER a fháil, i measc maoiniú eile, chun an láthair luachmhar seo a réiteach.

Bhí an Scéim Fiontair Pobail ar cheann de na foinsí maoinithe sin, rud a chiallaigh go bhféadfaí bogadh ar aghaidh leis an athchóiriú agus oibriú i dtreo athbheochan a dhéanamh ar sheod sa cheantar.



→ Athfhorbairt shuntasach déanta ar chuid thábhachtach d'oidhreachtaí an Iarthuaiscirt.

Príomhchuspóir de chuid Údarás na Gaeltachta é pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil agus inbhuanaithe a fhorbairt sa Ghaeltacht agus tacú leis an nGaeilge mar phríomhtheanga an phobail sin. Chuige sin, tá an tÚdarás ag cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht le breis agus 40 bliain agus ag tacú le forbairt eacnamaíoch na gceantar sin dá réir.

Tá sé aitheanta ag an Údarás go dteastaíonn earnáil láidir, fhuinniúil fiontraíochta atá ábalta dul san iomaíocht agus í féin a chur in oiriúint do gheilleagar domhandaithe chun deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú do phobail Ghaeltachta. Tá an tÚdarás dírithe, dá bhrí sin, ar ghnóthais eolasbhunaithe agus sheirbhísbhunaithe, ar dhéantúsaíocht nideoige agus ar fhorbairt fhiontar dúchasach a bheidh fréamhaithe in acmhainní nádúrtha, cultúrtha agus timpeallachta na Gaeltachta.

Cuireann an tÚdarás raon dreasachtaí agus tacaíochtaí ar fáil do ghnólachtaí agus do chuideachtaí incháilithe i réimse earnálacha chun gnó a thosú, a fhorbairt, a leathnú nó a lonnú i gceantar Gaeltachta. Tá na céadta gnó bunaithe ag comhlachtaí sa Ghaeltacht le cabhair ón Údarás ó bunaíodh é in 1980 agus í mar fhís leanúnach aige geilleagar láidir a chothú a bhaineann úsáid inbhuanaithe as na hacmhainní go léir atá ar fáil. Cinnteoidh sé seo caighdeán maireachtála den chéad scoth do phobal labhartha na Gaeilge atá ag cur fúthu sna ceantair shainiúla seo.

→ Ar dheis: Stíl ó Dhrioglan Shliabh Liag

Fostaíocht

Ag baint úsáide as oideas marmaláide a théann siar céad bliain agus a tugadh don teaghlach thar thrí ghlúin.

BIA AGUS DEOCH

Folláin



Cuireadh tús le Folláin i mBaile Bhuirne i nGaeltacht Chorcaí sa bhliain 1983 ag baint úsáide as oideas marmaláide a théann siar céad bliain agus a tugadh don teaghlach thar trí ghlúin. Anois 30 bliain níos deireanaí tá 30 subh éagsúil acu agus níos mó ná 70 táirge ag Folláin, lena n-áirítear réimse suibhe agus anlainn saor ó shalann agus ó shiúcra. Tá siad tiomanta bia maith a tháirgeadh ag úsáid na comhábhair is fearr dá bhfuil acu.

Tá an t-ainm Folláin aitheanta ar fud na tíre ó thaobh caighdeán a gcuid táirgí. Is iomaí gradam agus duais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá buaite acu as feabhas a dtáirgí atá ar fáil ar fud na hÉireann. Le roinnt blianta anuas chuir Folláin bailchríoch le háis déantúsaíochta den scoth ar chaighdeán ard ar a suíomh i mBaile Bhuirne. Tá todhchaí mhór i ndán don chomhlacht cumasach Gaeltachta seo.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, d'éirigh le Peadar agus Máire Uí Lionáird an fhís bhlasta a bhí acu dá gcomhlacht Folláin a fhíorú agus fás agus forbairt as cuimse a dhéanamh ar an ngnó ó thosaigh siad ina gcistin baile sna 1980idí. Le blianta beaga anuas, tá an comhlacht ag seasamh go láidir ar a chosa féin agus bhí an tÚdarás in ann tacú leo chun tabhairt faoi thaighde cuimsitheach maidir leis an margadh ina bhfuil siad ina n-iomaitheoirí ann, rud a chabhraigh leo an réimse táirgí atá acu a fhás agus a leathnú chun freastal a dhéanamh ar éileamh an chustaiméara.



→ Léiriú ar an gcur chuige sláintiúil agus an tiomantas i dtaca le comhábhair úra a bheith i ngach táirge is ea an t-ainm Folláin.

Is í an fhís atá againn ná poist fhadtéarmacha, inbhuanaithe a chruthú ar Acaill agus an ceantar a chur chun cinn mar cheann scríbe taithí bia.

BIA AGUS DEOCH

Salann Mara Acla



→ Muintir Uí Mháille - Is gnó clainne é Salann Mara Acla a bunaíodh i 2013.

Is gnó teaghlaigh é Salann Mara Acla a bunaíodh in 2013. Ag baint úsáide as modhanna traidisiúnta agus teicneolaíocht nua-aimseartha, déantar uisce farraige a ghalú go mall chun calóga íon, bán, salainn mara a fháil. Leánn na criostail bhog salainn i mbia, ag cur blas den scoth ar bhia. Is í an fhís atá againn ná poist fhadtéarmacha, inbhuanaithe a chruthú ar Acaill agus an ceantar a chur chun cinn mar cheann scríbe taithí bia.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Chabhraigh Údarás na Gaeltachta le Salann Mara Acla le hionad uathúil cuairteoirí agus saoráid táirgthe salainn a fhorbairt i mBun an Churraigh ar an oileán. Cuireann Ionad Cuairteoirí Salann Mara Oileán Acla turas oideachasúil ar fáil dá n-áis táirgthe salainn mara uathúil, traidisiún a bhí ann ar Acaill go dtí na 1800idí.

Fostaíocht

Is saineolaithe i mboird chiorcaid phriontáilte ard-chruinnithe agus á gcur le chéile iad Mint Tek.

DÉANTÚSAÍOCHTA & INNEALTÓIREACHT

Mint Tek



Is saineolaithe i mboird chiorcaid phriontáilte ard-chruinnithe agus á gcur le chéile iad Mint Tek, a chabhraíonn le taighdeoirí agus le forbróirí an bhearna idir smaoineamh agus frámshamhail a chur i gcrích. Éascaíonn Mint Tek soláthar, dearadh do dhéantúsaíocht agus bainistíocht ar shlabhra soláthair a bhfuil baint acu le déantúsaíocht agus le cur le chéile PCB. Bunaíodh an chomhlacht in 2014 agus oibríonn siad le soláthraithe chun cláir chiorcaid phriontáilte (PCB) agus frámshamhlacha cruá-earraí leictreonacha a chur ar fáil d'innealtóirí, chomh maith le déileáil le cóimeálaithe agus dearthóirí PCB ar son na n-innealtóirí.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta, d'éirigh le Mint Tek, atá lonnaithe sna Forbacha i gConamara, tionscadail a chur i gcrích maidir le glacadh le cleachtas nua um bhainistiú slabhra soláthair, ag cabhrú le hathruithe dearfacha a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí an chomhlachta, i dteannta le caidreamh soláthraithe a láidriú, díolacháin a mhéadú agus an sreabhadh airgid a fheabhsú.

UIMHREACHA

€500,000

Shínigh Mint Tek conradh €500,000 leis an déantasóir RS Components i 2016.

28,000

Tá teacht ag Mint Tek ar 28,000 innealtóir ar fud an domhain agus acmhainneacht 300 ordú sa mí a chur i gcrích de thairbhe an chonartha.

2014

Bhunaigh Siobhán Ní Chofaigh Mint Tek i 2014.

→ Tá painéal idirnáisiúnta de tháirgeoirí PCB agus páirtneirí cóimeála ar fáil ag Mint Tek chun a chinntiú gur féidir táirgí a sholáthar go mear agus go daingean.

D'oibrigh Fáisc Miotail le gnólachtaí móra ar nós Ford, Toyota agus BMW i gcaitheamh na mblianta.

DÉANTÚSAÍOCHTA & INNEALTÓIREACHT

Fáisc Miotail



UIMHREACHA

70+

Tá os cionn 70 duine fostaithe sa chomhlacht ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair de chuid Údarás na Gaeltachta.

2007

D'éirigh le Fáisc Miotail an chéad chonradh gluaisteáin a bhaint amach.

Bhunaigh na deartháireacha, Declan agus Brendan Ward, Fáisc Miotail Éireann sa bhliain 2005. Is déantóirí uirlisí iad na deartháireacha agus tá réimse leathan taithí faighte acu le 25 bliain anuas. Tá taithí acu sa réimse déantúsaíochta páirteanna comhdhlúite agus d'oibrigh siad le gnólachtaí móra ar nós Ford, General Motors, Toyota agus BMW i gcaitheamh na mblianta.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Tá fás suntasach tagtha ar Fháisc Miotail Éireann Teo. le cabhair ó Údarás na Gaeltachta. Thosaigh siad amach le triúr fostaithe agus anois tá os cionn 70 duine fostaithe sa chomhlacht ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair Údarás na Gaeltachta i gCo. Dhún na nGall. Tá margaí láidre easpórtála seanbhunaithe acu le leithéid Bentley, BMW, Honda, Jaguar Land Rover, Nissan agus Scania. Tá ceangal láidir cothaithe ag Fáisc Miotail Éireann Teo i bpobal Gaeltachta Dhún na nGall Thiar ag cur fostaíochta luachmhar ar fáil sa chomhlacht trádála idirnáisiúnta seo.

→ Tá roinnt de chliaint Fáisc Miotail ar na comhlachtaí is aitheanta ar domhan ina n-earnáil.

Fostaíocht

Aithnítear an branda ar fud na cruinne mar bhranda ar chaighdeán ard, idirnáisiúnta faisin.

ÉADAÍ & TEICSTÍL

Inis Meáin



Bunaidh Cnriotáil Inis Meáin ar an oileán in 1976. Ba é spiorad, timpeallacht agus oidhreacht na háite a spreag Tarlach de Blácam agus Áine Ní Chonghaile chun an comhlacht a bhunú, agus aithne inniu ar an mbranda ar fud na cruinne mar bhranda ar chaighdeán ard, idirnáisiúnta faisin.

Céimí i dTeangacha Ceilteacha as Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bhí i dTarlach agus chuaigh sé go hInis Meáin ag deireadh na seascaidí, mar a rinne mic léinn roimhe, chun é féin a thumadh i dteanga agus i gcultúr an oileáin. Ba de bhunaidh an oileáin Áine agus bhí sí ag obair mar mhúinteoir i mBaile Átha Cliath ag tús na seachtóidí.

Phós an bheirt in 1973 agus bhí siad meáite cur fúthu ar an oileán. D'fheistigh siad amach monarcha bheag le sé mheaisín cniotála agus chuaigh i mbun oibre le hógánaigh an oileáin a raibh a gcuid máithreacha ag cniotáil sa mbaile don tionscail turasoireachta.

Tá an tÚdarás ag oibriú go dlúth le Cnriotáil Inis Meáin le blianta fada. Chabhraigh an tÚdarás le Cnriotáil Inis Meáin an gnó a fhorbairt ón mbonn aníos sa tréimhse sin.



→ Tá Inis Meáin ar cheann de na hoileáin Árann atá suite ar imeall na hEorpa, tríocha míle ó chósta an Iarthair. Is minic cuairteoirí faoi gheasa ag áilleacht an oileáin ach ní mór don té atá ag iarraidh slí mhaireachtála a bhaint amach ann leas a bhaint as spiorad an neamhspleáchais, na nuálaíochta agus na seiftiúlachta.

Is é an t-aon mhuileann cardála sníomh olla atá fágtha sa tír agus atá ag feidhmiú ar bhunús tráchtála.

ÉADAÍ & TEICSTÍL

Snáth Dhún na nGall



→ Déantar an táirgeadh ar fad sa mhuileann traidisiúnta i gCill Chártha, Dún na nGall.

Tá Snáth Dhún na nGall suite idir na cnoic in Iardheisceart Dhún na nGall agus an tAigéan Atlantach. Is é an t-aon mhuileann cardála sníomh olla atá fanta sa tír agus atá ag feidhmiú ar bhunús tráchtála. Cuireadh an snáth seo ar mhargaí ar fud na cruinne níos mó ná céad bliain ó shin agus tá clú ar tháirgí Shnáth Dhún na nGall go hidirnáisiúnta dá bharr. Tá próiseas táirgeachta ingearach ag an gcomhlacht a thosaíonn le hamh-olann agus a chríochnaíonn le bréidín ildaite mionbhreactha, a dhíritear ar an earnáil fíodóireachta, cniotála agus ceardaíochta.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?
Le tacaíocht ón Údarás thug an comhlacht faoi chlár athnuachana agus uasghrádaithe ar an gcóras leictreach, mar aon le fuinneoga agus doirse a athnuachan, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar phróifíl an chomhlachta agus a dtáirgí trí na meáin shóisialta.

Fostaíocht

Ag cur seirbhísí aistriúcháin Gaeilge ar fáil do ranna rialtais agus stáit le breis is 25 bliain

FIONTAIR TEANGABHUNAITHE

Europus

Bunaíodh Europus in 1996 chun freastal ar na deiseanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn, deiseanna a d'éirigh as bunú TG4 agus as forbairtí eile a rinneadh i gcúrsaí cumarsáide, agus tá an comhlacht ag obair inniu chun seirbhís teanga a chur ar fáil do réimse leathan d'eagrais Stát, comhlachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

Fuair bunaitheoir Europus, Áine Ní Chonghaile, a cuid oiliúna i Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais, áit a raibh sí ag obair ina haistritheoir dlí ar feadh breis is 10 mbliana. Thosaigh Sinéad Ní Ráinne ag obair leis an gcomhlacht nuair a bunaíodh é in 1996 agus d'oibrigh sí i réimsí éagsúla sa chomhlacht ó shin.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Tá tacaíochtaí éagsúla curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta do Europus thar na mblianta, áit a bhfuil ochtar anois fostaithe go lánaimseartha. Tá céim onóracha Gaeilge ag na fostaithe ar fad agus an chéim MSc san Aistriúchán ag an gcuid is mó de na haistritheoirí. Cuireann Europus dian-oiliúint ar aistritheoirí agus ar fhotheidealóirí agus bíonn orthu freastal ar Dhiplóma Iarchéime Europus san Aistriúchán, cáilíocht a bhfuil creidiúnú aici ó HETAC agus maoinithe ag Údarás na Gaeltachta.

UIMHREACHA

1996

Comhlacht aistriúcháin agus comhairleoireachta teanga é Europus a bunaíodh i 1996.

12

Tá 12 fostaithe go lánaimseartha ag an gcomhlacht i láthair na huair.

→ Tá Trá Eilí ar cheann de na láithreacha surfála is aitheanta in Éirinn. Tá sé de bhuntáiste ag na scoláirí a dhéanann freastal ar Choláiste Uisce go bhfuil teacht acu ar acmhainní mara den scoth ar leic an dorais.



Áit a mhúintear an Ghaeilge fite fuaite le spóirt uisce agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

FIONTAIR TEANGABHUNAITHE

Coláiste Uisce

Is ionad eachtraíochta Gaeilge é Coláiste UISCE atá lonnaithe i gcroílár Ghaeltacht Mhaigh Eo, áit a mbíonn an Ghaeilge á mhúineadh le spóirt uisce agus gníomhaíochtaí eachtraíochta atá spleodrach agus taitneamhach.

Téann obair Choláiste UISCE i dtaobh na teanga i bhfeidhm go mór, ní hamháin ar na daltaí a bhíonn ag freastal ar an gColáiste, ach ar phobal Iorrais freisin, agus is gnó tábhachtach é i dtaobh cur chun cinn na teanga i nGaeltacht Mhaigh Eo.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Tá Údarás na Gaeltachta ag tacú le blianta le Coláiste UISCE i dtaobh maoinne agus tacaíochtaí eile, agus os cionn scór bliain taithe ag Coláiste UISCE ar an bhfód ag soláthar cúrsaí eachtraíochta agus Gaeilge atá sábháilte agus spleodrach.

Fostaíocht

Tá nuálaíocht dhomhanda, a bhfuil tionchar shuntasach aici ar an saol mór, anseo ar leic an dorais againn i nDún na nGall.

LEIGHEAS & CÓGASAÍOCHT

Radox



Is comhlacht ceannródaíoch agus uailmhianach é Radox i dtaobh feabhais a chur ar chúrsaí leighis go domhanda. Tá an comhlacht ag déanamh dul chun cinn ag úsáid na heolaíochta is úire chun feabhais cheannródaíoch a dhéanamh ar chúrsaí diagnóisice agus ar chúram sláinte. Trí chlár atá tiomanta go mór i dtaobh taighde agus forbartha, tá siad ag cur táirgí as an ngnáth agus réitigh ar fáil go leanúnach atá deartha go sonrath chun diagnóisic níos éifeachtaí, ar chaighdeán ard a chur ar fáil sna réimsí is leithne i dtimpeallacht saotharlainne.

D'oscail Radox a suíomh ar an gClochán Liath in 2008 do dhéantús anailíseora agus do thaighde & forbairt.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Chuir Údarás na Gaeltachta tacaíocht agus maoiniú ar fáil do Radox Teoranta chun na háiseanna déantúsaíochta agus taighde agus forbartha den chéad scoth atá acu ar an gClochán Liath a fhorbairt. Chuidigh Údarás na Gaeltachta le Radox i dtús aimsire le fostaithe a aimsiú agus cuirtear tacaíocht ar fáil tríd oiliúint agus traenáil a chur ar na fostaithe sin. Cuireann an tÚdarás tacaíocht ar fáil chomh maith tríd a chuid Scéimeanna Taighde agus Forbartha.

“Feicim cuid de na radharcanna is áille sa tír agus mé ag tiomáint chuig an obair gach lá, — táim buíoch go bhfuil sé de phribhléid agam filleadh ar Dhún na nGall agus post dúshlánach agus iontach i réimse na heolaíochta a ghlacadh díreach 20 nóiméad ó dhoras mo thí fhéin i nGaoth Dobhair.”

Ciarán Richardson Research & Development Manager, Radox Dungloe

Tá os cionn 80 duine fostaithe ann faoi láthair, céimithe ollscoile den chuid is mó.

LEIGHEAS & CÓGASAÍOCHT

Aran Biomedical



Bhog Proxy Biomedical go dtí an Spidéal in Aibreán 2007 agus tá siad i mbun déantúsaíochta ansin ar tháirgí bithábhair don earnáil eolaíochta beatha ó shin. Tá an comhlacht suite i mol feistí leighis na Gaillimhe. Déanann Aran Biomedical dearadh, forbairt agus réitigh déantúsaíochta i bhfeistí leighis a théann isteach sa cholainn agus cuireann siad na táirgí is nuálaí agus is solúbtha ar fáil a chinntíonn rath agus fás leanúnach an chomhlachta.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Chuir an tÚdarás áis déantúsaíochta ar fáil don chomhlacht agus de réir mar a bhí an comhlacht ag dul i méid, tugadh spás breise dóibh chomh maith le deontais bunaithe ar riachtanais an chomhlachta ag an am. Tá os cionn 80 duine fostaithe ann faoi láthair, céimithe ollscoile den chuid is mó.

Agus é suite ar chósta gleoite na Gaillimhe d'athraigh an comhlacht a ainm chun tagairt a dhéanamh de na hoileáin Árann atá le feiceáil ó fhoirgnimh an chomhlachta amach ó chuan na Gaillimhe.

Tá coincheap Pháirc na Mara lárnach i gcur chuige Údarás na Gaeltachta i dtaobh acmhainní nádúrtha a fhorbairt chun fostaíocht inbhuanaithe a chruthú i gceantair imeallacha Ghaeltachta.

Páirc na Mara

Suite ar shuíomh c.9-heicteár i gCill Chiaráin, Conamara, tá coincheap Pháirc na Mara lárnach i gcur chuige Údarás na Gaeltachta i dtaobh acmhainní nádúrtha a fhorbairt chun fostaíocht inbhuanaithe a chruthú i gceantair imeallacha Ghaeltachta.

Cuirfidh Páirc na Mara campas forbartha ar fáil atá deartha agus tógtha de réir na gcaighdeán is fearr forbartha, pleanála agus comhshaoil. Áireofar ar an gcampas an bonneagar, na saoráidí agus na seirbhísí riachtanacha a theastaíonn ó infheisteoirí príobháideacha ar fud na cruinne chun fiontair mhuirí a bhunú agus a fhorbairt ar scála thar raon táirgí, speiceas, teicneolaíochtaí agus feidhmchlár.

Léiríonn suíomh tionscadail Pháirc na Mara ardán suntasach le haghaidh forbartha inar féidir seirbhísí, saoráidí agus bonneagar nua a fhorbairt, a chruthóidh fiontair agus táirgí nua agus a leathnóidh deiseanna fostaíochta go háitiúil agus laistigh den réigiún níos leithne.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Tá Údarás na Gaeltachta lárnach i bhforbairt Pháirc na Mara, ón am gur thángthas aníos leis an bplean an togra a fhorbairt ar thalamh de chuid na heagraíochta in Iorras Aithneach. Chomh maith leis an togra a dhearadh agus féachaint i dtreo é a thógáil, tá an tÚdarás i mbun cainte leanúnach le hinstiúid tríd leibhéil agus comhlachtaí in earnáil na mara ar fud na cruinne, chun fostaíocht ar chaighdeán ard a chruthú i gceantar ina dteastaíonn a leithéid go géar.

Fostaíocht

Agus a gceanncheathrú Éireannach ar Chionn Fhánada i nGaeltacht Thír Chonaill, tá Mowi ar cheann de na soláthraithe is mó ar domhan de bhradán feirme orgánach.

EARNÁIL NA MARA

Mowi



Tá Mowi ar cheann de na soláthraithe is mó ar domhan de bhradán feirme orgánach. Agus a gceanncheathrú lonnaithe ar Chionn Fhánada i nGaeltacht Dhún na nGall, tá feirmeacha bradán ag an gcomhlacht i gcúig chontae amach ó chósta thiar na hÉireann.

Bunaíodh an chéad fheirm de bhradán Atlantacha in Éirinn i 1984, ó bhradán óga a cuireadh chun farraige in 1982. Faoi 1986, bhí an comhlacht neamhspleách i dtaobh stoc goir. Ó shin i leith, chuaigh an comhlacht ó neart go neart, agus déantar 85% dá gcuid táirgí a easpórtáil ar fud na cruinne, go dtí na Stáit Aontaithe, an Fhrainc, an Bheilg, an Iodáil, an Ghearmáin, an Bhreatain, an Eilvéis, Ceanada agus an Meánoirthear.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth le MOWI i bhforbairt na hearnála seo sna ceantair Ghaeltachta, ceantair atá lonnaithe ar chósta an Atlantaigh den chuid is mó. Chomh maith leis na gnáththacaíochtaí agus dreasachtaí, bíonn Údarás na Gaeltachta i mbun comhoibrithe freisin le MOWI ar thograí Eorpacha ar nós SAFER, tograí a bhfuil sé mar aidhm acu an earnáil seo a bhogadh ar aghaidh agus a fhorbairt a thuilleadh.

→ Tá farraigi chósta thiar na hÉireann ar na farraigi is oiriúnaí ar domhan maidir le bradán feirme orgánach.

Easpórtálann Bá Earagail táirgí sliogéisc as uiscí glana an Atlantaigh chuig an margadh domhanda.

EARNÁIL NA MARA

Bá Earagail



→ Cuireann Bá Earagail fostaíocht leanúnach agus fostaíocht shéasúrach ar fáil, ag freastal ar mhargai sliogéisc ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Tá Bá Earagail i mbun gnó i nDún na nGall le 55 bliain agus tá sé ar cheann de na próiseálaithe sliogéisc is mó in Éirinn ó thaobh caighdeán ard. Tá dhá shaoráid acu in Éirinn, atá deimhnithe chuig an gcaighdeán is airde sa tionscail.

Easpórtálann Bá Earagail táirgí sliogéisc as uiscí glana an Atlantaigh chuig an margadh domhanda de phríomh-mhiondíoltóirí, mórdhíoltóirí agus comhlachtaí seirbhíse bia.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth le Bá Earagail le blianta fada agus tugadh tacaíocht dóibh an príomhghnó próiseála éisc i nGaeltacht Dhún na nGall a athrú ó bhonn go gnó domhanda in earnáil na próiseála portán agus cuachma. Tugann cabhair an Údaráis deis don chomhlacht tabhairt faoi thaighde agus forbairt ar bhonn leanúnach agus tá trealamh próiseála den scoth ag Bá Earagail a thugann deis dóibh dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta.

Fostaíocht

Céim straitéiseach i bhforbairt earnáil chlosamhairc na Gaeltachta ab ea bunú Telegael.

EARNÁIL CLOSAMHARC

Telegael



Oibríonn Telegael, atá suite ar an Spidéal i gContae na Gaillimhe, le léiritheoirí, le dáileoirí agus le craoltóirí idirnáisiúnta chun ábhar beochana agus beo-aicsin, atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta, a fhorbairt, a mhaoiniú agus a chomhléiriú.

Ba é Údarás na Gaeltachta, i gcomhar le RTÉ, a chur síol Telegael sa bhliain 1988 agus is iomaí athrú atá tagtha ar mhúnla an chomhlachta ó shin. Taobh istigh de thríocha bliain, d'athraigh sé ó a bheith ag soláthar seirbhísí iarléiriúcháin amháin go ceann de na comhlachtaí is mó sa tír ó thaobh léiriúcháin teilifíse agus sraitheanna anamúlachta/beochana de. Tá léiriúcháin de chuid Telegael á gcrabhscaoileadh in os cionn 140 críoch ar fud an domhain agus iad aistrithe go níos mó ná 40 teanga.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Le tacaíocht ón Údarás, tá forbairtí suntasacha déanta ag an gcomhlacht ar a gceanncheathrú ar an Spidéal, idir leathnúcháin an fhoirgnimh agus forbairt stiúideo iarléirithe do phríomhscannáin, le teicneolaíocht cheannródaíoch ó thaobh pictiúir agus fuaime de. Ina theannta sin, méadaíodh na háiseanna dearaidh, grafaicí, ceartú datha agus maisíochta sa rannóg anamúlachta agus beochana. Mar thoradh ar na forbairtí seo, tá Telegael in ann dul ar thóir gnó sa mhargadh idirnáisiúnta d'iarléirithe príomhscannán agus sraitheanna anamúlachta/beochana.



→ Radhairc éagsúla ó Captain Morten & The Spider Queen - scannán beochana le haisteoirí ar nós Brendan Gleeson, Pauline McLynn agus Tommy Tiernan.

UIMHREACHA

600

Léiríonn Nemeton breis is 600 uair a chloig d'ábhar teilifíse agus idirlín gach bliain.

50

Tá breis agus 50 duine fostaithe go lánaimseartha ag Nemeton, saoiriseoirí san áireamh.

1994

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair le Nemeton ó 1994.

Léiríonn Nemeton ábhar den scoth do chraoltóirí, d'eagrais spóirt agus do bhrandaí tráchtála.

EARNÁIL CLOSAMHARC

Nemeton



Is comhlacht léirithe spóirt é Nemeton TV atá i mbun oibre in Éirinn agus in Albain. Léiríonn siad os cionn 600 uair an chloig beo in aghaidh na bliana. Tá siad lonnaithe i nGaeltacht na nDéise agus i nGlaschú. Tagann siad le chéile mar mheitheal neamhghnách de dhaoine cruthaitheacha, teicniúla agus gnó. I measc na gclár a dhéanann siad tá cluichí CLG, Príomh Roinn Sacar na hAlban, sacar agus rugbaí na mban (náisiúnta agus idirnáisiúnta), dornálaíocht, rásaíocht capall agus réimse clár faisnéise.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Chuidigh Údarás na Gaeltachta le Nemeton fás suntasach a dhéanamh ar a ngnó. Thosaigh siad amach le duine amháin sa ghnó agus anois tá na scórtha fostaithe acu. D'fhorbair siad a gceanncheathrú sa Rinn i nGaeltacht na nDéise le cabhair ó Údarás na Gaeltachta. D'aithin Nemeton go raibh ganntanas daoine le Gaeilge san earnáil agus ó 2006 i leith, tá siad ag réachtáil Cúrsa Ard Dioplóma i Léiriú Teilifíse & na Meán Digiteacha i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge le maoiniú ó Údarás na Gaeltachta.

Fostaíocht

Is ceannródaithe iad Fíbín a ardaíonn caighdeán i ndrámáíocht na Gaeilge.

EALAÍN AGUS CEARDAÍOCHT

Fíbín



Bunaíodh Fíbín Teo. i gConamara sa bhliain 2003. Ba í an phríomhaidhm a bhí agus atá ag an gcomhlacht i gcónaí ná drámáíocht shiamsúil a chur ar fáil do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge. Go dtí seo, tá 40 seó léirithe ag Fíbín do lucht féachana ar fud na tíre agus níos faide ó bhaile. Tá ag éirí leo an sprioc a leag siad síos an chéad lá riamh a bhaint amach agus leas á bhaint acu as na teicnící drámáíochta is nuálaí agus is físiúla dá bhfuil ann.

Is ceannródaithe iad Fíbín a ardaíonn caighdeán i ndrámáíocht na Gaeilge. Tá lucht féachana na mblianta atá le teacht á gcothú agus á múnú ionas go mbreathnaítear ar dhrámáíocht na Gaeilge ar bhealach spráúil agus dearfach. Is é an misean atá acu lucht

féachana agus déantóirí drámáíochta a chruthú amach anseo tar éis léirithe spreagúla.

De bharr gur éirigh chomh maith sin leis an máthairchomhlacht Fíbín Teo, bunaíodh Meangadh Fíbín in 2008. Díríonn an comhlacht seo go sonrath ar fhorbairt ábhar agus sraitheanna teilifíse do pháistí réamhscoile agus bunscoile.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Thug an tÚdarás cúnaimh i bhfoirm deontais éagsúla thar na mblianta don dá chomhlacht seo agus tá go leor duaiseanna bainte amach chomh maith. Déanann Ealaín na Gaeltachta, fochuideachta de chuid an Údaráis, maoiniú rialta ar an gcomhlacht Fíbín freisin.

→ Radharc ó Pléasc, léiriú amuigh faoin aer de chuid Fíbín.

Táirgítear cuid den photaireacht is fearr sa tír sa cheardlann i dTrá Chloichir i gCorca Dhuibhne.

EALAÍN AGUS CEARDAÍOCHT

Louis Mulcahy



→ Louis Mulcahy i mbun a chuid oibre potaireachta

Nuair a bhuaigh Louis Mulcahy an chéad duais do photaireacht sa Chomórtas Ceardaíochta Náisiúnta in 1975, shocraigh sé a cheardlann a bhogadh as Baile Átha Cliath go dtí Daingean Uí Chúis. Le beagnach leathchéad bliain anuas, tá Louis ag déanamh taighde ar ábhair agus ag táirgeadh dearthaí nua. Is í an fhís atá aige an chriadóireacht aeistéitiúil agus is fearr ó thaobh na teicneolaíochta de a chur ar fáil agus stiúideo / ceardlann a fhorbairt chun oidhreacht ar stair fhadtéarmach árthaí láimhe na hÉireann a léiriú.

Tá Louis fós i mbun oibre ag Trá Chloichir i gCorca Dhuibhne, agus déanann sé a chuid glónraí féin ó shilice nádúrtha, floscanna agus mianraí dathúcháin. Déantar corp na cré ó chumasc

earraí cruachré agus poircealláin den chaighdeán is airde. Tá aitheantas domhanda bainte amach ag Louis mar gheall ar shárchaighdeán a chuid earraí, tá clú agus cáil ar a chuid earraí potaireachta.

Cén chaoi ar chabhraigh an tÚdarás?

Thacaigh Údarás na Gaeltachta le forbairt a ghnó, le fostaíocht, agus le soláthar áiseanna teicneolaíochta agus tionsclaíochta. Rinneadh cúrsaí oiliúna agus seimneáir éagsúla a chomhordú thar lear chun gnó nua a aimsiú, a raibh méadú ar ghnó Louis Mulcahy Pottery mar thoradh air. Tá Louis Mulcahy ar cheann de na fostóirí is mó i gceantar Chorca Dhuibhne.

03 Maoin

Tuigeadh, nuair a bunaíodh Údarás na Gaeltachta in 1980, go raibh easpa infreastruchtúir sna ceantair Ghaeltachta chun fostaíocht a mhealladh chuig na ceantair imeallacha seo. Cuireadh tús le feachtas tógála, le monarchana móra á dtógáil ar pháirceanna gnó in áiteanna ar nós Gaoth Dobhair, An Cheathrú Rua, Baile Bhuirne agus eile.

Inniu, dá réir, tá na ceantair Ghaeltachta neamhghnách sa méid agus go bhfuil spás tionsclaíoch á úsáid, agus spás ar fáil, le gur féidir le comhlachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta lonnú iontu, agus fostaíocht ar chaighdeán ard a chur ar fáil i gcuid de na ceantair is áille ar domhan.

Tá éabhlóidiú tagtha ar chur chuige an Údaráis i dtaobh mealladh agus forbairt fostaíochta thar na mblianta, ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta agus tá éabhlóidiú dá réir tagtha ar an gcur chuige i leith maoine. Chomh maith le monarchana móra, tá spásanna gnó níos lú ar fáil, chomh maith le spásanna sa ghréasán mol digiteach, gteic.

I measc na maoine eile atá ag Údarás na Gaeltachta, tá ionaid turasóireachta, ionaid ceardaíochta agus eile.



Folláin, Múscaí

Tá forbairt leanúnach déanta acu ón gcéad lá agus tá ainmhranda an chomhlachta aitheanta go forleathan sa tír seo agus cáil orthu ó thaobh caighdeáin a gcuid táirgí.



Is beag amharc a bhí ag Peadar agus Máirín Uí Lionáird ar ghnó idirnáisiúnta, bunaithe thimpeall ar chuid den treatamh agus foirgnimh is nua-aimseartha ar domhan, nuair a thosaigh siad ag táirgeadh subh faoin mbranda Folláin i dtús na n-ochtóidí.

In 1985, bhunaigh siad comhlacht agus d'aistrigh siad isteach in aonad fiontraíochta de chuid Údarás na Gaeltachta ar Pháirc Ghnó Bhaile Mhic Íre i nGaeltacht Chorcaí. In 2001, thóg an tÚdarás monarcha nua d'achar 700 méadar cearnach don chomhlacht Folláin, rud a chabhraigh go mór le sreabhadh airgeadais an chomhlachta mar gur chuidigh sin leo an gnó a fhás níos tapúla mar go raibh caipiteal oibre ar fáil.

In 2006, cheannaigh Folláin an foirgneamh i mBaile Bhuirne ón Údarás agus lean le forbairt agus fás an

ghnó thar na mblianta. In 2013, dhíol Údarás na Gaeltachta suíomh leo agus thóg an comhlacht monarcha nua d'ardchaighdeán idirnáisiúnta sa bhliain 2016. Osclaíodh ionad turasóireachta ar an láthair agus é i gceist ag Folláin méadú a dhéanamh ar líon na dturasóirí a thagann go dtí an láthair as seo amach.

Tá forbairt leanúnach déanta acu ón gcéad lá agus tá ainmhranda an chomhlachta aitheanta go forleathan sa tír seo agus cáil orthu ó thaobh caighdeáin a gcuid táirgí. Tá forbairt agus infheistíocht mhór déanta acu agus tá an comhlacht ar cheann de na fostóirí is mó sa réimse bia i gceantar Gaeltachta an Deiscirt. Tá an comhlacht aitheanta ar cheann de na comhlachtaí bia is fearr ar domhan agus tá ról lárnach ag an gcomhlacht in eacnamaíocht Mhúscaí, agus ceannródaíocht léirithe acu i bhforbairt táirge, i bhforbairt maoiné agus i bhforbairt taighde.

UIMHREACHA

1985

Bunaíodh Folláin i nGaeltacht Chorcaí.

2001

Thóg an tÚdarás monarcha nua d'achar 700 méadar cearnach don chomhlacht.

2006

Cheannaigh Folláin an foirgneamh i mBaile Bhuirne ón Údarás agus lean le forbairt agus fás an ghnó thar na mblianta.

An Cheardlann, An Spidéal

Sampla den scoth atá i gCeardlann an Spidéil den réimse leathan gnímh, agus maoiné dá réir, atá faoi chúram Údarás na Gaeltachta. Is in 1984 a d'oscail An Cheardlann, atá leagtha amach i bhfoirm sráidbhaile d'fhoirgnimh bheaga ina mbíonn lucht ealaíne agus ceardaíochta ag obair agus ag díol a gcuid táirgí.

Tarraingíonn An Cheardlann go leor turasóirí chuig an Spidéal, agus le bialann ar an láthair ag cur leis an tseirbhís do chuirteoirí agus tionóntaí, is sampla den scoth é den chur chuige atá ag Údarás na Gaeltachta i bhforbairt fostaíocht inbhuanaithe, ag soláthar infreastruchtúr turasóireachta agus ag cur le heacnamaíocht na Gaeltachta ar bhealach a chuimsíonn earnálacha éagsúla le chéile.

Tá tuairim agus 10 ceardaí nó ealaíontóir lonnaithe sa Cheardlann, ag cruthú táirgí éagsúla idir seodra, potaireacht, éadach agus caoladóireacht.



RAP, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair


Is comhlacht idirnáisiúnta é RAP atá lonnaithe i nGaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall. Déanann RAP pacáistíocht do bhia réamh-ullmhaithe do chuid de na comhlachtaí bia agus caife is aitheanta ar domhan.

Thosaigh RAP i mbun oibre i nGaoth Dobhair in 1998 agus ochtar a bhí fostaithe ag an gcomhlacht faoi dheireadh a gcéad bliain. D'oibrigh feidhmeannaigh an Údarás leis an gcomhlacht chun foirgneamh ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair a chur in oiriúint don chomhlacht agus chun tacaíochtaí eile a chur ar fáil sa chaoi is go mbeadh an comhlacht in ann fás.

Inniu, tá níos mó ná 200 duine fostaithe ag RAP i nGaoth Dobhair agus iad ag oibriú as 3 foirgneamh mór ar an bPáirc Ghnó, foirgnimh a bhfuil nuálaíoch ag baint leo, idir leagan amach agus treatamh, le gur féidir le RAP a bheith i mbun iomaíochta mar cheann de na comhlachtaí is láidre san earnáil idirnáisiúnta pacáistíú bia, agus an t-ábhar a tháirgtear i nGaoth Dobhair le feiceáil thimpeall ar cheapairí agus eile sa Ríocht Aontaithe, ar fud na hEorpa agus chomh fada ó bhaile le Singapór.



gteic



Gréasán de bhreis agus 30 mol digiteacha agus nuálaíochta, scaipthe fud fad na Gaeltachta.



Tá an gréasán is mó in Éirinn de mhóil dhigiteacha, an gréasán gteic, á bhunú ag Údarás na Gaeltachta i gceantair ar fud Ghaeltacht na hÉireann. Tá na hionaid gteic, a mbeidh breis agus 30 acu ar fad ann, fud fad Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí agus Corcaigh, chomh maith le i gceantair Ghaeltachta Phort Láirge agus sa Mhí. Tá sé oileán Gaeltachta áirithe chomh maith mar chuid lárnach den éiceachóras digiteach seo chun tacú le hinbhuanaitheacht phobal na n-oileán seo amach ón gcósta.

→ Tá spás comhaimseartha oibre, le soláthar idirlín ardluais, le fáil sna haonaid gteic fud fad na Gaeltachta

Tá áiseanna deasc shealaíochta agus spásanna roinnte do chianoibrithe agus ríomhoibrithe sna gteic, chomh maith le spás oifige lánfheistithe agus aonaid ghorlainne le rochtain idirlín ardluais chun nuálaíocht agus forbairt coincheapa a éascú.

Gaoth Dobhair



Osclaíodh doirse gteic Gaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall in 2018, an chéad gteic i ngréasán an Údaráis. Ní hamháin go bhfuil rochtain ann ar idirlíon ardluais, áiseanna nuafhorbartha comhdhála, cruinnithe, traenála agus físchomhdhála, tá teacht chomh maith ag oibríthe gteic Gaoth Dobhair ar dheiseanna luachmhara líonraithe, idirghníomhaíochta agus foghlama i dtimpeallacht bhisiúil agus spreagúil oibre. Tá deiseanna á dtapú ag fiontraíthe ó chomhlachtaí nuabhunaithe ann, ag ríomhoibríthe agus ag cianoibríthe de chuid chomhlachtaí fadbhunaithe agus leas nach beag á bhaint acu as acmhainní oibre den chaighdeán is airde.

Is furasta teacht ar gteic@Gaoth Dobhair atá lonnaithe ar Pháirc Ghnó Gaoth Dobhair ar bhóthar nó aer agus eitiltí rialta ó Bhaile Átha Cliath nó ó chathracha idirnáisiúnta ó aerfoirt éagsúla. Ní raibh ceangal leis an lathuaisceart chomh maith riamh, le teacht éasca ar mhargáí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus margáí eile na hEorpa. Tá deis anois ag muintir an cheantair filleadh ar cheantar sainiúil a ndúchas agus cuid nó formhór den tseachtain oibre a chaitheamh ag cianoibríú ón mol ar scála náisiúnta nó domhanda. Tacóidh a leithéid le pobail inbhuanaithe Ghaeltachta a chothú, a fhorbairt agus a threisiú.

UIMHREACHA

751M

An Earagail — an sliabh is airde i nDún na nGall, siúlóid thaitneamhach chuig an mullach lánléargais

1000MBPS

Teacht ar idirlíon ardluais 1000MBps

15KM

Tá Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall, áit a bhfuil teacht ar eitiltí chuig Baile Átha Cliath agus Glaschú, suite laistigh de 15 chiliméadar den gteic.

Béal Átha an Ghaorthaidh

Tá gteic@Béal Átha an Ghaorthaidh lonnaithe ar Pháirc Ghnó an Údaráis i mBéal Átha an Ghaorthaidh i nGaeltacht Chorcaí. Is mol nuálaíochta & digiteach den chineál is nua-aimseartha é, áit ina mbeidh cultúr uathúil na Gaeltachta ag cur cruthaitheachta agus nuálaíochta chun cinn.

Tá an mol nuálaíochta agus digiteach seo á bhainistiú ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí thar ceann Údarás na Gaeltachta. Cuirfidh 22 deasc shealaíochta/spásanna oibre comhroinnte, áiseanna cruinnithe agus físchomhdhála agus leathanbhanda ardluais i láthair oibre oscailte agus chruthaitheach deiseanna den scoth ar fáil d'fhiontraíthe, lucht nuálaíochta, cianoibríthe agus forbróirí coincheapa i dtimpeallacht shuaimhneach an bhaile ársa seo in iarthar Chorcaí. Tabharfaidh an fhorbairt seo deis do phobal na Gaeltachta, sa bhaile agus i gcéin, filleadh ar a gceantar dúchais nó cónaí ann trí dheiseanna cianoibríthe a chur ar fáil ag deasca sealaíochta nó spásanna oibre comhroinnte.



An Spidéal

Tá gteic@An Spidéal lonnaithe ar an Spidéal ar bhóthar R336 i nGaeltacht Chonamara, agus béim ar leith sa bhfoirgneamh nua-aimseartha ar an earnáil chruthaitheach.

Lonnaithe 20 nóiméad ó chathair na Gaillimhe, le seirbhísí iompair rialta ón gcathair, tá spásanna lánfheistithe ar fáil gur féidir a chur in oiriúint do leithéidí ríomhoibrí, forbróirí coincheapa, cumadóir, comhlacht nuabhunaithe, scálaithe nó comhlacht meánmhéide.

Tá seirbhís ardluais leathanbhanda ar fáil d'fhiontair nuathionscanta agus seanbhunaithe, mar chuid d'áis bhríomhar, nua-aimseartha. Chomh maith le maoiniú an Údaráis féin sa bhfoirgneamh, cuireadh maoiniú suntasach i gteic an Spidéil ar fáil tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.



04 Teanga

Tá gach gné d'obair an Údaráis ag cur le sealbhú agus le buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga sa Ghaeltacht.

Cinnteoigh geilleagar láidir inbhuanaithe gur féidir le pobal labhartha na teanga a bheith ag obair agus ag maireachtáil ina mbailte dúchais féin agus caighdeán saoil den scoth a bhaint amach. Anuas air sin, táthar ag súil go gcuirfidh an próiseas pleanála teanga, atá faoi chúram an Údaráis, go sonrach le líon na gcainteoirí Gaeilge sna réigiúin sin trí phleananna teanga atá curtha i gcrích ag na pobail féin agus atá ag freastail ar na riachtanais ar leith atá ag na pobail áirithe sin, a chur i bhfeidhm.

Aithníonn an tÚdarás an luach agus an tábhacht atá ag baint leis na réigiúin Ghaeltachta mar réigiúin shainiúla i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is sa Ghaeltacht atá an Ghaeilge á labhairt mar theanga bheo phobail agus nasc, dá réir, le céad chainteoirí na teanga. Tá luach níos mó ná riamh leis na gnéithe cultúrtha sin atá éagsúil ó chultúr domhandaithe an lae inniu agus an-tairbhe le baint as an teanga sa chomhthéacs sin.

Is sna pobail Ghaeltachta atá teacht ar nasc leanúnach le stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann. Tá an Ghaeilge ar cheann de na teangacha scríofa is sine agus is stairiúla ar domhan agus an teanga scríofa is sine dá bhfuil fós á labhairt lastuaidh de na hAlpa. Cé go mba chainteoirí Gaeilge formhór phobal na hÉireann ag tús an séú céad déag, tháinig a lán athruithe ar chaint na ndaoine ó 1600 ar aghaidh, an Nua-Ghaeilge Mhoch a tugadh ar theanga labhartha na tréimhse sin.

Bualadh buillí troma ar an nGaeilge le linn an séú agus an seachtú haois déag, plandáil Chromail in 1654 agus Achtú na bPéindlíthe in 1695 san áireamh. Chiollaigh sin go raibh aicmí ceannais phobal na Gaeilge go hiomlán ar lár, a gcuid institiúidí cultúrtha scríosta agus stádas na Gaeilge mar mhórtheanga caillte. Cé go mba í an Ghaeilge teanga fhormhór an phobail i gcónaí thosaigh an chuid ba rafaire de na Gaeilgeoirí ag iompú ar an mBéarla sa tréimhse a lean agus faoi dheireadh an Ghorta

Mhóir (1846–1848), bhí an teanga i mbéal an bháis. Chuir lucht léinn spéis sa teanga agus sa litríocht ón ochtú haois déag ar aghaidh agus bunaíodh mórghluaiseachtaí tacaíochta ar son na Gaeilge sna blianta roimh bhunú an Stáit nua.

Tá athrú suntasach tagtha ar íomhá na Gaeilge le blianta beaga anuas. Tá sé seo le sonrú i líon na ndaoine atá ag labhairt agus ag foghlaim na teanga ní hamháin in Éirinn ach ar fud na cruinne. Labhraítear an Ghaeilge mar theanga an phobail i gceantair Ghaeltachta in Éirinn agus tá an Ghaeilge ag bailiú nirt lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith. De réir Dhaonáireamh 2016, tá sé ar a gcumas ag 1.77 milliún duine i bPoblacht na hÉireann Gaeilge a labhairt. Léiríonn suirbhéanna le tamall fada go bhfuil an-bhá i measc an phobail i dtaobh na teanga ar fud an oileáin agus nach bhfuil an bhá sin teoranta do lucht labhartha na teanga amháin.

Is é an sprioc atá leis an bpróiseas pleanála teanga ná an Ghaeilge a láidriú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail.

Pleanáil Teanga

UIMHREACHA

26

Tá 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta ann.

7

Beidh tréimhse 7 mbliana ag na ceanneagraíochtaí atá roghnaithe chun na pleananna a chur i bhfeidhm.

13

Tá trí bhaile déag suite ar theorainn na Gaeltachta a d'fhéadfadh stádas mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) a bhaint amach.

Is é an sprioc atá leis an bpróiseas pleanála teanga ná an Ghaeilge a láidriú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga phobail. Déantar é seo trí phleananna teanga a fheidhmiú a chuirfidh le húsáid na Gaeilge i réimsí áirithe sa phobal – m.sh sa teaghlach, i measc na hóige, sa chóras oideachais, san earnáil ghnó agus san earnáil phoiblí. Cuirtear tacaíocht ar fáil do na pobail leis na pleananna sin a chur i bhfeidhm agus fostaítear Oifigigh Pleanála Teanga agus Oifigigh Cúnta le tabhairt faoin obair sin.


Ó achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012, tá an Ghaeltacht anois roinnte in 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus tá aitheantas á thabhairt do thrí Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) atá lonnaithe sa Ghaeltacht chomh maith. Caithfidh pobal gach LPT agus Baile Seirbhíse Gaeltachta pleananna teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus bíonn Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth le pobal na Gaeltachta chun tacú leis an obair sin. Tá comhoibriú agus rannpháirtíocht an phobail, an Stáit agus earnálacha príobháideacha agus deonacha riachtanach chun go mbeidh rath ar an bpróiseas seo agus chun tacú leis an nGaeilge a bhuanú sa Ghaeltachta mar theanga bheo.

→ Ag baint sult as margadh faoin aer i Maigh Cuilinn i nGaeltacht na Gaillimhe.



Tá Oifigigh Pleanála Teanga i mbun gnímh éagsúla maidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn, fud fad na Gaeltachta. Seo sampla de roinnt de na bearta sin.

#SeoÍAnGhaeltacht: Léargas ar an nGaeltacht trí fheachtas splancfhíseán



UIMHREACHA

1.76M

Tá Gaeilge labhartha ag 1.76 milliún duine sa tír (Daonáireamh 2016)

Sheol na hOifigigh Pleanála Teanga feachtas nua ar na meáin shóisialta dar teideal #SeoÍAnGhaeltacht i dtús mhí na Bealtaine 2020. Feachtas é seo a bhfuil sé mar aidhm aige mórtas áite, teanga agus cultúr a chothú agus cuimhní cinn dearfacha i dtaca leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht a mhúscailt. Roinntear íomhánna agus físeáin tarraingteacha agus spleodracha den Ghaeltacht go forleathan ar na meáin shóisialta a dhéanann ceiliúradh ar a gceantar, a gcultúr agus ar an nGaeilge agus cuireann sé go mór le féiniúlacht na Gaeltachta thar na réigiúin Ghaeltachta.

→ Tá chuile ghné de shaol na Gaeltachta, ó chultúr go háilleacht, á roinnt faoi #SeoÍAnGhaeltacht

Is furasta don phobal an Ghaeilge a roghnú mar theanga labhartha agus iad i mbun a ngnó sa cheantar.

Cur chun cinn na Gaeilge sa Ghnó



UIMHREACHA

70%

Pleananna Teanga á gcur i bhfeidhm i 70% de na limistéir phleanála teanga

21

Oifigigh Pleanála Teanga & Oifigigh Cúnta fostaithe chun na pleananna teanga a chur i bhfeidhm

€2M

Tá infheistíocht de €2m i gceist le feidhmiú na bpleananna teanga

Tá obair mhór curtha i gcrích ag na hOifigigh Pleanála Teanga agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn i ngnólachtaí a gceantar. Dea-shampla den chineál oibre seo iad na feachtais atá á reáchtáil i LPT Chloich Cheann Fhaola agus i LPT Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste agus Loch an Iúir. Iarrtar ar ghnólachtaí sa dá LPT seo (siopaí, oifigí agus seirbhísí & srl) comharthaí a léiriú le tabhairt le fios don phobal go bhfuil seirbhís i nGaeilge ar fáil. Tá na comharthaí seo le feiceáil i réimse leathan gnólachtaí sna ceantair sin anois agus is furasta don phobal an Ghaeilge a roghnú mar theanga labhartha agus iad i mbun a ngnó sa cheantar.

→ An comhartha 'Gaeilge & Fáilte' á léiriú go bródúil in Aerfort Dhún na nGall

Teanga

Tá imeachtaí mar seo tábhachtach le ceangal a chothú sna pobail ar bhealaí atá tarraingteach dóibh féin.

Imeachtaí Fíorúla



I measc na n-imeachtaí a eagraíonn na hOifigigh Pleanála Teanga, bíonn imeachtaí atá dírithe ar cheangal agus ar chaidreamh rialta a chothú lena bpobal agus le pobail Ghaeltachta eile. Cruthaíonn na himeachtaí náisiúnta Gaeltachta seo caidreamh agus iomaíocht chairdiúil idir na ceantair Ghaeltachta, cuireann siad mórtas áite chun cinn agus spreagann siad úsáid na Gaeilge i measc daoine agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí.

Is sampla maith é Comórtas Reatha na Gaeltachta d'fheachtas fíorúil aclaíochta inar thug os cionn 730 duine páirt sa dúshlán ceithre seachtaine agus rith nó shiúil siad os cionn 127,000 km le linn na tréimhse sin. Bhí iomaíocht ghéar idir na ceantair Ghaeltachta agus de réir mar a bhí na seachtainí ag dul ar aghaidh ardaíodh an míleáiste a bhí á dhéanamh ag daoine go suntasach, le roinnt daoine ag sárú 40km sa lá agus 200km sa tseachtain. Tá imeachtaí mar seo tábhachtach le ceangal a chothú sna pobail ar bhealaí atá tarraingteach dóibh féin.

UIMHREACHA

127,000KM

Shiúil na rannpháirtithe breis is 127,000km le linn an chomórtais

12+

I measc an obair atá ar siúl ag na hOPT ina gceantair féin réachtáladh breis agus 12 gníomhaíocht eagraithe ag na hOifigigh Pleanála Teanga ó thús na paindéime le caidreamh agus dlúthcheangal a chothú idir pobal na Gaeltachta ar fad.

Oibríonn muid go dlúth leo i gcur in áit plean Gaeilge don chomhlacht féin.

Gaeilge sna Cliant Chomhlachtaí



→ Cuireann Lily's Eco Clean an Ghaeilge chun cinn ar a cuid táirgí agus ins an gcomhlacht féin.

Ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta in 1980, bhí béim ar leith ar fhostaíocht a mhealladh chun na Gaeltachta ar mhaithe lena chinntiú go raibh slí mhaireachtála ar fáil ag an bpobal Gaeltachta.

Sa lá atá inniu ann, tá meascán de chomhlachtaí dúchasacha agus comhlachtaí atá tagtha chun na Gaeltachta ag cur fostaíochta ar fáil sa Gaeltacht, agus tuigean Údarás na Gaeltachta an tábhachtach go mbeadh tionchar dearfach ag na comhlachtaí seo ar an nGaeilge sa Ghaeltacht.

Chuíge sin, oibríonn muid go dlúth leo le plean Gaeilge don chomhlacht féin a chur in áit, ag cinntiú go bhfuil an teanga á chur chun cinn agus feiceálach sa láthair oibre, chomh maith le bheith ag obair le cliantchomhlachtaí i dtaobh an Ghaeilge a thabhairt san áireamh ina gcuid cairteacha maidir le freagracht shóisialta.

Spríoc a bhí ag Údarás na Gaeltachta nuair a bunaíodh an eagraíocht in 1980 ná an Ghaeilge a neartú sa Ghaeltacht trí fhostaíocht a chur ar fáil, rud a chinnteodh go mbeadh pobail in ann maireachtáil agus treisiú sna ceantair scoite amach seo.

Bácús Uí Bhaoill



Fostóir mór i gceantar iargúlta i mBaile na Finne i nDún na nGall é Bácús Uí Bhaoill. Tá ról lárnach ag an nGaeilge i mbrandáil an ghnólachta agus tá an chomharthaíocht ar fheithiclí an ghnó go hiomlán i nGaeilge. Tá tús áite tugtha don teanga ar stáiseanóireacht agus ar lipéid na dtáirgí chomh maith agus déanann siad urraíocht ar an bhféile bhliantúil, Éigse Sheáin Bháin, a dhéanann saibhreas liteartha agus teanga an cheantair a cheiliúradh.

Is le teaghlach Uí Bhaoill Bácús Uí Bhaoill atá bunaithe in aice le sráidbhaile Gaeltachta Bhaile na Finne, suite i gcroílár Garbhchríocha Dhún na nGall. Tairgeann an bácús seo réimse mór de tháirgí bácúis, ag baint úsáid as na torthaí áitiúla is fearr agus as fíoruisce s'acu féin. Téann veaineanna an bhácúis seo ar fud na tíre gach lá ag iompar earraí s'acu féin go dtí siopaí beaga áitiúla agus ollmhargaí móra éagsúla.

Déanann an tÚdarás iarracht tuismitheoirí atá ar bheagán Gaeilge a spreagadh chun freastal ar na hionaid seo chun go mbeidh siad in ann Gaeilge a labhairt sa bhaile nó sa phobal.

Ionaid Seirbhísí Teanga



→ Baile an Fheirtéaraigh i gCorca Dhuibhne, Co. Chiarraí.

Tugann Údarás na Gaeltachta aitheantas d'ionaid a sholáthraíonn seirbhísí foghlamtha Gaeilge do phobal na Gaeltachta.

Tugtar Ionaid Seirbhísí Teanga ar na hionaid a chuireann ranganna agus ábhar foghlama Gaeilge ar fáil do dhaoine fásta a dteastaíonn uathu an Ghaeilge a fhoghlaim, nó feabhas a chur ar a gcumas labhartha nó scríofa. Déanann an tÚdarás iarracht tuismitheoirí atá ar bheagán Gaeilge a spreagadh chun freastal ar na hionaid seo chun go mbeidh siad in ann Gaeilge a labhairt sa bhaile nó sa phobal.

Is féidir cáilíocht Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a bhaint amach sna hionaid chomh maith le Diplóma san Aistriúcháin agus sa Ghaeilge i roinnt de na hionaid eile ar fud na gceantar Gaeltachta. Le cois tacaíocht i dtreo chostas na dteagascóirí, cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil do na hionaid le hábhar, trealamh agus fearais ar chaighdeán ard a cheannach chun na spriocanna seo a bhaint amach.

05 Oilíúnt & Oideachas

Is é an cuspóir straitéiseach atá ag Údarás na Gaeltachta i dtaobh cúrsaí forbartha oideachais agus oiliúna ná cur le bunús agus caighdeán scileanna mhuintir na Gaeltachta.

Is é an cuspóir straitéiseach atá ag Údarás na Gaeltachta i dtaobh cúrsaí forbartha oideachais agus oiliúna ná cur le bunús agus caighdeán scileanna mhuintir na Gaeltachta. Tá forbairt na n-acmhainní seo mar bhunchloch de chomhdhéanamh agus d'fheidhmiú an chláir ghinearálta forbartha atá á mhaoiniú ag an Údarás.

Sin iad an dá chrann taca i gcur chun cinn agus i bhfeidhmiú an aidhm is mó atá ag an eagraíocht, is é sin, pobal inmharthana a dhaingniú sa Ghaeltacht trí thacú leis na pobail sin an Ghaeilge a neartú mar ghnáththeanga phobail.

Cuireann an infheistíocht seo lenár gcumas réimse tionscnaimh oiliúna agus oideachais a mhaoiniú atá ceangailte go dlúth le straitéis forbartha a thugann aghaidh ar fhorbairt na Gaeltachta. Mar chuid den straitéis seo tá béim ar leith curtha ar an bhforbairt gheilleagrach agus fostaíochta, agus ar an réimse forbartha pobail agus pleanála teanga.

Oiliúnt & Oideachas

Glacann suas le 1,000 fiontraí óg ó scoileanna fud fad na Gaeltachta páirt i gClár na gComhlachtaí.

Clár na gComhlachtaí



Chuide bhliain, glacann suas le 1,000 fiontraí óg ó scoileanna feadh na Gaeltachta páirt i gClár na gComhlachtaí, a bhfuil sé mar sprioc an fhiontraíocht a spreagadh i measc ghlúin óg na Gaeltachta. I gcomhpháirt le Junior Achievement Ireland (JAI), eagraítear babhtáí réigiúnacha ó thuaidh, ó dheas agus san iarthar, agus téann na buaiteoirí ar aghaidh le páirt a ghlacadh sna babhtáí náisiúnta a bhíonn á dtionóil sa Ghaillimh.

Is minic go bhfeiceann muid caighdeán ard buaiteoirí ag dul ar aghaidh agus ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann ag Craobh na hEorpa den chomórtas seo. Thar na mblianta, tá réimse leathan tograí forbartha ag na daltaí óga seo, a bhfuil bunús gnó ag baint leo, agus béim níos mó ná riamh ar inmhharthanacht agus an timpeallacht.

→ Liam Ó hógáin, Finn Daibhéis, agus Patrick Saunders as Pobalscoil Chorca Dhuibhne, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí, a rinne ionadaíocht ar son na hÉireann ag Comórtas Chomhlacht na Bliana.

Oibríonn Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis na Boird Oideachais agus Oiliúna sna ceantair Ghaeltachta ar mhaithe le riachtanais oiliúna sa Ghaeltacht a aithint agus a chomhlíonadh.

CÁS STAIDÉAR

Pramerica



UIMHREACHA

46

Reachtáileadh an cúrsa thar thréimhse 46 seachtainí agus tháinig deiseanna fostaíochta chun cinn i Pramerica ina dhiaidh sin do na rannpháirtithe.

Chomh maith le cúrsaí oiliúna a eagrú agus a sholáthar muid féin, oibríonn Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis na Boird Oideachais agus Oiliúna sna ceantair Ghaeltachta ar mhaithe le riachtanais oiliúna sa Ghaeltacht a aithint agus a chomhlíonadh.

Tá riachtanais oiliúna aitheanta san earnáil turasóireachta, earnáil na mara agus go leor eile, agus tá comhthuisctint ag an Údarás leis na Boird Oideachais agus Oiliúna i dtaobh cúrsaí a sholáthar a bhíonn lonnaithe den chuid is mó in áiseanna de chuid an Údaráis.

Sampla maith is ea an comhlacht Pramerica a bhí ag féachaint chuige tuilleadh daoine a fhostú ag a n-oifig satailíte i gceic Ghaoth Dobhair. Tógadh cinneadh idir iad, Údarás na Gaeltachta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go gcuirfí cúrsa “Scrúdaitheoir Bogearraí Uathoibrioch (Automated Software Tester)” ar bun sa gceic chun go mbeadh ábhar fostaíthe leis na scileanna cuí ar fáil sa cheantar. Reáchtáladh an cúrsa thar thréimhse 46 seachtainí agus tháinig deiseanna fostaíochta chun cinn i Pramerica ina dhiaidh sin do na rannpháirtithe.

Oiliúnt & Oideachas

Feiceann Údarás na Gaeltachta an tábhacht a bhaineann le traidisiúin na Gaeltachta a choinneáil beo.

CÁS STAIDÉAR

Tógáil Bád

Tuigeann Údarás na Gaeltachta an tábhacht a bhaineann le traidisiúin na Gaeltachta a choinneáil beo, chomh maith le deiseanna fostaíochta a chruthú sna hearnálacha atá fréamhaithe go smior sa Ghaeltacht.

Sampla is ea an cúrsa Tógáil Bád Beag Adhmaid, a cuireadh ar bun i dTír an Fhia, Leitir Móir, Conamara i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Cúrsa páirt-aimseartha breisoideachais agus oiliúna a bhí i gceist, bunaithe thimpeall ar thógáil curach adhmaid sé troigh.

I measc na scileanna bhí i gceist, bhí ábhar líníochta agus treoracha tógála chun pleananna bád a léamh agus a thuiscint, cineálacha éagsúla bád adhmaid a aithint, na cineálacha éagsúla adhmaid agus an úsáid a bhaintear astu a thuiscint, agus fráma tógála a shocrú suas agus cabhlach críochnaithe a fheistiú de réir pleananna bád, lena n-áirítear gach ceann de na comhpháirteanna ábhartha.



→ Tugadh faoi bháid thraidisiúnta de chuid chósta thiar na hÉireann a thógáil mar chuid den chúrsa.

Printíseachtaí

Ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta in 1980, tá Scéim Scoláireachta do Phrintísigh á reáchtáil chun tacú le hiarrthóirí Gaeltachta, a bhfuil líofacht i nGaeilge acu, cáilíocht phrintíseachta aitheanta a bhaint amach.

Cuirtear printíseachtaí ar fáil sna ceirdeanna traidisiúnta, pluiméireacht, tógáil agus leictreachais ina measc, chomh maith le Scoláireachtaí Printíseachta Nua-Aoiseacha in earnálacha ar nós bithchógais, airgeadais agus lóistíochta.

Éiríonn go maith le na printísigh, ní hamháin sa phrintíseacht, ach fostaíocht bhuan a aimsiú agus go deimhin, ar an ardán domhanda i dtaobh comórtais phrintíseachta.

Craobh Domhanda Pluiméireachta



→ Jeaic Ó Domhnaill agus Pádraig Ó Tuama a rinne ionadaíocht ar son na hÉireann i Kazan na Rúise.

Léiriú é ar chaighdeán na bprintíseachtaí a chuireann Údarás na Gaeltachta ar fáil gur bhain Jeaic Ó Domhnaill as Tír an Fhia i gConamara aitheantas amach ag Craobh an Domhain in 2019 i bprintíseacht pluiméireachta, nuair a ainmníodh é mar Sheaimpín Pluiméireachta na hÉireann níos luaithe an bhliain chéanna.

Go deimhin, chuaigh beirt a bhí ar phrintíseacht de chuid an Údaráis ar aghaidh go dtí na Craobhacha Domhanda in Kazan na Rúise an bhliain chéanna, le Pádraig Ó Tuama as Cúil Aodha Chorcaí i mbun ionadaíochta freisin.

lardhalta de chuid Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua é Ó Domhnaill agus nuair a chríochnaigh sé ar scoil, thosaigh sé printíseacht ceithre bliana le Terrance McDonagh, pluiméir as an Tulaigh.

Tá stair fhada ag printísigh de chuid Údarás na Gaeltachta ag baint caighdeán ard agus gradaim amach, léiriú ar chaighdeán na hoiliúna a chuirtear ar fáil.

Tacaíochtaí

Cuireann Údarás na Gaeltachta rogha leathan tacaíochtaí ar fáil do ghnólachtaí agus do chuideachtaí incháilithe trasna réimse leathan earnálacha le gur féidir gnó a thosú, a fhorbairt, a leathnú nó a lonnú i gceantar Gaeltachta. Tá na céadta gnó bunaithe ag comhlachtaí sa Ghaeltacht le cabhair ó Údarás na Gaeltachta, agus le suas le 8,000 post á gcur ar fáil.

I measc na gcineálacha tacaíochtaí atá ar fáil, tá deontais fostaíochta, oiliúna, caipitil agus go leor eile. Is féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta chun an t-eolas suas chun dáta a fháil maidir leis na tacaíochtaí seo.

UIMHREACHA

8,000

Tá suas le 8,000 post á chur ar fáil ag an Údarás.

1951

De réir thaighde ABSEI a rinneadh i 2019, meastar go raibh díolachán iomlán de €844m ag cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €430m



TACAÍOCHTAÍ

Deontas Taighde agus Forbartha



Nuair a thug ÉireComposites, atá lonnaithe in Indreabhán, Conamara, faoi deara go raibh gá forbairt in san earnáil nuálaíoch ina raibh siad ag feidhmiú, labhair siad le hÚdarás na Gaeltachta maidir deontas taighde agus forbartha lena chinntiú go raibh siad chun cinn ar threochtaí idirnáisiúnta ina n-earnáil speisialtóireachta.

Tá deontais taighde agus forbartha ar fáil ó Údarás na Gaeltachta do ghnólachtaí atá chun tabhairt faoi fhorbairt táirgí, seirbhísí nó próisis nua a chuirfidh le cumas a ngnó fás agus forbairt sa mhargadh.

TACAÍOCHTAÍ

Deontas Staidéar Féidearthachta


Fuair Drioglan Thír Chonaill Teo tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta chun Staidéar Féidearthachta a ullmhú, agus bunaithe ar an staidéar sin, tá drioglan anois forbartha agus réidh le dul i mbun gnó ag an gcomhlacht i gCroithlí, Co Dhún na nGall.

Tá an deontas staidéar féidearthachta ar fáil do ghrúpaí, eagraíochtaí, gnólachtaí nó daoine aonarach le tacú leo na féidearthachtaí a bhaineann le gnó a bhunú nó a fhorbairt a mheas.

Is féidir deontas a íoc ar chuid shuntasach den chostas staidéar féidearthachta. I measc na gcostas inghlachta tá tuarastail agus pá foirne, costas comhairleoirí, taisteal agus cothabháil riachtanach, agus barrchostais eile atá ceangailte go díreach leis an staidéar.



→ Stileanna fuisce nua i nDrioglan Thír Chonaill i gCroithlí.



TACAÍOCHTAÍ

Scéim Trádáil ar Líne

Tá an Scéim Trádála Ar Líne á sholáthar chun tacú le gnóthaí Gaeltachta gnó ar líne a fhorbairt. Bhí éileamh mór ar an scéim seo le linn paindéim COVID-19, nuair a thuig comhlachtaí Gaeltachta an tábhacht a bhain le bheith in ann táirgí agus seirbhísí a chur ar fáil ar an idirlíon nuair nach raibh custaiméirí in ann teacht chomh fada leo go físiúil.

Ina measc, bhí Meas Media i nGaeltacht na Gaillimhe, a bhain leas as an scéim chun seirbhís nua ar líne a fhorbairt agus cur leis an réimse seirbhísí a bhí á dtairiscint acu, ag am go raibh gnóthaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta go mór faoi bhrú ag an éiginnteacht eacnamaíochta a bhain le haeráid COVID-19.

Tá tacaíocht luachmhar tugtha ag an scéim seo do ghnóthaí beaga agus móra le blianta anuas chun cur lena gcumas margai nua a aimsiú agus líon níos mó seirbhísí agus táirgí a dhíol ar líne agus, mar thoradh air sin, tacú le buanáil agus forbairt na bunsraithe fostaíochta i rith na tréimhse seo.

06 Fochuideachtaí agus eile

Tá dhá fhochuideachta ag Údarás na Gaeltachta, Muintearas agus Ealaín na Gaeltachta, agus déantar Comhar Naíonraí a mhaoiniú freisin tríd Údarás na Gaeltachta. Tá an trí eagraíocht thar a bheith tábhachtach i dtaobh baint amach cuspóirí an Údaráis maidir le forbairt na Gaeltachta mar cheantar den scoth le maireachtáil inti.



Fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta is ea Muintearas atá á mhaoiniú chun cuspóirí áirithe forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail a bhaint amach.

Muintearas



→ Togra fiontraíocht shóisialta é An Clúid, bialann atá á reáchtáil ag Muintearas



Fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta is ea Muintearas Teo. atá á mhaoiniú chun cuspóirí áirithe forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail a bhaint amach. Cuireann Muintearas Teo béim den chuid is mó ar mhaolú ar an míbhuntáiste sa soláthar oideachais/oiliúna Gaeltachta, ar chothromaíocht deiseanna a bhaint amach don Ghaeltacht agus ar an nGaeilge mar mheán teagaisc san oideachas Gaeltachta a threisiú.

Áirítear na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí oibre an chomhlachta – luathfhorbairt an linbh, an réimse oideachais, an óige, cúrsaí nuatheicneolaíochta, cumarsáid agus oideachas fadsaoil pobail. I gcomhar leis an Údarás, cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, SOLAS agus POBAL foinsí maoinithe eile ar fáil do réimsí éagsúla tionscadail atá á n-eagrú aige.

Fochuideachtaí agus eile

Bíonn Ealaín na Gaeltachta ag plé le healaín thraidisiúnta agus chomhaimseartha, agus riarann an eagraíocht Scéim Forbartha na nEalaíon atá dírithe ar thograí nua ealaíona a spreagadh i measc phobal na Gaeltachta.

Ealaín na Gaeltachta



Tá an t-ádh ar phobal na Gaeltachta cuid den ealaín agus de na healaíontóirí is spleodraí ar domhan a bheith ina measc. Tá go leor den bhuíochas sin ag dul i dtreo Ealaín na Gaeltachta, a ndéanann Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú air.

Bíonn Ealaín na Gaeltachta ag plé le ealaín thraidisiúnta agus chomhaimseartha, agus riarann an eagraíocht Scéim Forbartha na nEalaíon atá dírithe ar thograí nua ealaíona a spreagadh i measc phobal na Gaeltachta.

Déantar infheistíocht freisin i seacht n-ionad/eagras ealaíon straitéiseach tríd an Scéim Cothú, agus chuidigh Scéim na bhFéilte le pobal na Gaeltachta oidhreacht agus cultúr na Gaeltachta a cheiliúradh, i measc go leor eile.

NUMBERS

24

Líon na naíonraí i gceantair
Ghaeltachta Chonnacht

21

Líon na naíonraí i gceantair
Ghaeltachta Dhún na nGall

17

Líon na naíonraí i gceantair
Ghaeltachta na Mumhan

→ Tá ceannródaíocht leanúnach léirithe ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta ó bunaidh an eagraíocht i dtaca le forbairt curaclam agus eile.

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. (CNNG) an eagraíocht is mó sa tír a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil, i mBéarla nó i nGaeilge, is cuma pobail nó príobháideach.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta



Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. (CNNG) an eagraíocht is mó sa tír a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil, i mBéarla nó i nGaeilge, is cuma pobail nó príobháideach. Gníomhaíonn CNNG i ngach ceantar Gaeltachta sa tír agus oibríonn an eagraíocht lámh ar láimh leis na pobail Ghaeltachta.

Is struchtúr neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta, chun seirbhís bainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge

sa Ghaeltacht. Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, chomh maith leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, maoiniú ar fáil faoi na scéimeanna éagsúla luathbhlianta.

Tá ceanncheathrú CNNG lonnaithe ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá oifig réigiúin Dhún na nGall ag freastal ar an tuaisceart, oifig i Maigh Eo ag freastal ar Mhaigh Eo agus ar thuaisceart agus ar oirthear na Gaillimhe, agus oifig i bPort Láirge ag freastal ar Chúige Mumhan. Déantar freastal ar Ghaeltacht Chonamara agus na Mí ón gceanncheathrú.

07 Diaspóra

Is í an aidhm atá ag straitéis Diaspóra na Gaeltachta ná ceangal a chothú le pobal na Gaeltachta atá ar imirce thar lear nó scaipthe ar fud na hÉireann.

Táthar ag súil gur féidir ceangal leanúnach a dhéanamh leis an bpobal seo chun na deiseanna fostaíochta, maireachtála, sóisialta, teanga agus cultúir atá ar fáil sna ceantair Ghaeltachta a chur ar a súile dóibh chomh maith le gach eolas, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh ar an rogha aistriú abhaile.

Foilsítear an nuachtlitir Cairde na Gaeltachta atá dírithe ar an diaspóra Gaeltachta agus a bhfuil léamh uirthi thar fud na cruinne. Tugtar deis sa nuachtlitir súil a chaitheamh ar shaol comhaimseartha na Gaeltachta agus ar scéalta sainiúla an diaspóra i ngach eagrán.



→ Teacht le chéile de chuid Ireland's Gaeltacht Experience i mBostún.

NA STÁIT AONTAITHE

Ireland's Gaeltacht Experience

Tá Údarás na Gaeltachta tar éis cur leis an ndlúthcheangal idir an Ghaeltacht agus cathair Bhostún sna Stáit Aontaithe, áit a n-eagraíonn an tÚdarás “Ireland's Gaeltacht Experience” ar mhaithe le blaiseadh de cheol, dhamhsa agus theanga na Gaeltachta a thabhairt don phobal Gael-Mheiriceánach ann.

As an ócáid seo, tá nasc forbartha ag Údarás na Gaeltachta le leabharlann Bhostún Theas, áit a bhfuil cúinne Gaeltachta ar fáil do phobal diaspóra Gaeltachta Bhostúin, tar éis d'Údarás na Gaeltachta cnuasach leabhar Gaeilge a bhronnadh ar an Leabharlann.

ALBAIN

Nasc le hAlbain

Tá an ceangal idir iarthuaisceart Dhún na nGall agus Albain seanbhunaithe. Meastar go bhfuil os cionn milliún duine a bhfuil cónaí orthu in Albain gur de bhunadh na hÉireann iad. Níl mórán ceantair ar fud na hÉireann ar fhág oiread imirceach an baile le dul go hAlbain le Gaeltacht Dhún na nGall, go háirithe paróistí na Rosann, Ghaoth Dobhair agus Cloich Chionnaola. Tá ceangal láidir rialta coinnithe acu lena ngaolta ansiúd. Tá Údarás na Gaeltachta ag tógáil ar na naisc seanbhunaithe seo, trí chaidrimh nua a fhorbairt agus ceangal eacnamaíoch níos láidre a chruthú idir Gaeltacht na hÉireann agus Albain.

Ó cuireadh tús leis an nasc seo, tá misin trádála curtha in áit sa Ghaeltacht agus in Albain, cuairteanna Airí eagraithe agus polasáí déthaobhach nua á fhorbairt idir Éire agus Albain, ina bhfuil ról lárnach ag Údarás na Gaeltachta ann.



08 Turasóireacht

Tá cuid de na réigiúin is áille in Éirinn i réigiún na Gaeltachta. Idir áilleacht na radharc agus cultúr agus teanga uathúil na Gaeltachta, is cinnte nach ndéanfaidh an cuairteoir dearmad ar an áit speisialta seo.

Tá an Ghaeltacht scaipthe amach thar 7 gcontae a bhfuil a n-aitheantas Gaeltachta féin acu, agus tá tírdhreach agus cultúr éagsúil ann rud a chinntíonn go mbíonn taithí éagsúla ag an gcuairteoir chuile lá.


Aithníonn Údarás na Gaeltachta an deis seo agus tá muid ag obair le fiontair shóisialta pobail, údaráis áitiúla, fiontraithe agus gníomhaireachtaí eile Stáit chun an leas is tairbhí a bhaint as an acmhainn nádúrtha luachmhar seo.

Seoladh Slí an Atlantaigh Fhiáin in 2014, rud a chuireann deiseanna ollmhóra ar fáil don Ghaeltacht. Tá 25% de Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar chósta oileán agus ar mhórthír na Gaeltachta.

Turasóireacht

Tá Teach Solais Fhánada agus tithe na gcoimeádaithe solais lonnaithe sa Ghaeltacht is faide ó thuaidh in Éirinn.

Teach Solais Fhánada



Tá Teach Solais Fhánada agus tithe na gcoimeádaithe solais lonnaithe sa Ghaeltacht is faide ó thuaidh in Éirinn. Bhí an teach solais lárnach i bhfeachtas margaíochta domhanda chun ardán a thabhairt do na cinn scríbe uathúla feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tionscnamh pobail is ea Teach Solais Fhánada a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Fáilte Éireann agus Údarás na Gaeltachta. Tá turais treoraithe ar fáil timpeall na taitneamhachta anseo, mar aon le hionad do chuairteoirí agus lóistín.

Tá tacaíocht luachmhar, leanúnach curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta don bhfiontar sóisialta seo ón tús. Tá an tÚdarás lárnach i dtacaíocht a chur ar fáil chun feidhmeannach margaíochta a earcú chun an taitneamhacht seo a chur chun cinn. Tá ionadaithe ag an Údarás ar Bhord Theach Solais Fhánada.

→ Fiántas an Atlantaigh agus áilleacht na spéire ag teacht le chéile ag Teach Solais Fhánada

Is é Mara Beo an Daingin an t-uisceadán is mó in Éirinn.

Uisceadán Dhaingean Uí Chúis

De réir liosta Trip Advisor, tá Mara Beo an Daingin ar cheann den deich rud is fearr le déanamh i gCo. Chiarraí agus léiríonn an t-ionad an bealach a gcuidíonn Údarás na Gaeltachta le fiontair shóisialta chun fostaíocht agus deiseanna a chruthú i mbailte beaga. Is é Mara Beo an Daingin an t-uisceadán is mó in Éirinn agus súil breis forbartha a dhéanamh air.

Chuir Údarás na Gaeltachta tacaíocht ar fáil ó laethanta tosaigh an tionscadail idir chaipiteal agus deontais fostaíochta, infheistíochtaí, tacaíocht mhargaíochta agus tacaíocht le haghaidh taighde agus forbartha.



→ Tá teacht ar dhraíocht na farraige agus gach a tharlaíonn faoi mhuir in Uisceadán Dhaingean Uí Chúis.

Turasóireacht

Ag bun na hEaragaile agus taobh le Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, tá cuairteoirí ag teacht go hIonad Cois Locha le beagnach 40 bliain anuas.

Ionad Cois Locha

Ag bun na hEaragaile agus taobh le Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, tá cuairteoirí ag teacht go hIonad Cois Locha le beagnach 40 bliain anuas. Thosaigh an tionscadal amach le músaem beag, caifé agus siopa, agus anois tá sé ina áis suntasach turasóireachta sa cheantar, idir turais bád, siúlóidí, spás spraoi agus eile.

Tá cúnaimh deontais curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta chun na foirgnimh a fhorbairt, an trealamh a cheannach agus an fhoireann a earcú. Ó shin i leith, tá forbairt tagtha ar an bhfiontar sóisialta seo agus tá turais bád, limistéir spraoi, siopa mór ceardaíochta, teach fíodóra ina bhfuil seol feidhmiúil agus amharclann ar fáil.



→ Léiriú ar fhíodóireacht thraidisiúnta ag Ionad Cois Locha.


Tá plean uailmhianach turasóireachta ag Comhar Chuigéal Leitir Mealláin a fhorbairt mar lárionad cheann scríbe don turasóir agus don chuirteoir a mbeidh sé d'ádh orthu an turas a thabhairt siar.

Ionad na Feamainne

Níl anseo ach an chéad chéim den plean uailmhianach turasóireachta atá ag Comhar Chuigéal ceantar Leitir Mealláin a fhorbairt mar lárionad cheann scríbe don turasóir agus don chuirteoir a mbeidh sé d'ádh orthu an turas a thabhairt siar.

Cuirtear eolas, oideachas, siopadóireacht, caife agus eispéreas tumthach ar fáil faoi théama na feamainne san ionad seo. Tá cuairteoirí in ann eolas a fháil ar speicis difriúla feamainne; feicfidh siad feamainn á hullmhú le haghaidh cóireálacha cosmaideacha; beidh deis acu dul ar thuras treoraithe ag baint feamainne ar an gcladach nó beidh siad in ann folcadán coise feamainne a thógáil; beifear in ann táirgí feamainne a cheannach agus sult a bhaint as míreanna ó roghchlár ar théama na feamainne sa chaifé.

Is “tearmann suaimhnis” atá san ionad, le hatmaisféar te, ciúin, ceol bog mall, soilse éadroma agus lárphiosa drámata ealaíne a bhfuil an fheamainn mar inspioráid aige.



→ Tá gach eolas i dtaobh na feamainne, ó bheith á baint go n-itear é, le fáil ag Ionad na Feamainne.

09 Gaeltacht Na hÉireann

Réigiún cruthaitheach bríomhar atá sa Ghaeltacht ó thaobh teanga, staire, cultúir, daoine agus tírdhreacha de. Tá branda faoi leith forbartha ag Údarás na Gaeltachta le húsáid chun iontais an réigiúin seo a chur chun cinn.



- Ar chlé: Tá blas milis ar bhranda na Gaeltachta agus é tógtha ar lámh ag Seacláid na Sceilge!
- Eile: Tá an branda in úsáid ag leithéidí Oideas Gael, Drioghlann An Daingin, Criostal na Rinne agus Louis Mulcahy.

Léiríonn luachanna an bhranda tréithe an réigiúin shainiúil seo; Dúchas, Gaeilge, Bród, Ardchaighdeán, Pobal agus Cultúr.

Tá an branda mar acmhainn chun an Ghaeltacht agus gach gné de shaol na Gaeltachta a chur chun cinn ar mhaithe le buanú phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Is féidir le gach uile dhuine an branda a úsáid – ár gcuid cliant, comhlachtaí eile Gaeltachta, eagraíochtaí pobail, an earnáil turasóireachta, na healaíona agus earnálacha eile. Is féidir le haon duine atá lonnaithe sa Ghaeltacht an branda a úsáid ar chomharthaí, ar ábhar margaióchta ar líne agus clóite, ar tháirgí agus pacáistiú, ar éide sa láthair oibre, ar na meáin shóisialta agus i mbun cumarsáide le custaiméirí agus leis an bpobal.



Gaeltacht Na hÉireann

Bíonn branda Gaeltacht na hÉireann le taispeáint go bródúil ar a gcuid táirgí, agus é le feiceáil ag an saol mór gur táirge é seo a dhéantar sa Ghaeltacht.

AN BRANDA Á ÚSÁID AG GNÓ

Macroon Buffalo Mozzarella



Tá Macroon Buffalo Mozzarella le fáil i siopaí ar fud na tíre agus tá an-cháil orthu timpeall na cruinne. Bíonn branda Ghaeltacht na hÉireann le taispeáint go bródúil ar a gcuid táirgí, agus é le feiceáil ag an saol mór gur táirge é seo a dhéantar sa Ghaeltacht, i nGaeltacht Mhúscraí Chorcaí mar a tharlaíonn sé.

Tugann an branda le fios do chustaiméirí Macroon Buffalo Mozzarella gur táirge uathúil é seo, déanta i gceann de na ceantair is glaine agus folláine ar domhan. Tugtar le fios go bhfuiltear ag tacú, ní hamháin le táirge Éireannach, ach le gnó atá forbartha faoin tuath, ag cur na fostaíochta, na teanga agus deis do phobal na Gaeltachta chun cinn.

→ Sampla den scoth é Macroon Buffalo Mozzarella de chomhlacht láidir bia atá aitheanta mar tháirgeoir Gaeltachta.

→ Tá ardluach margaíochta ag baint le táirgí ar nós Bia Farráige Árann a bheith aitheanta le réigiún glan agus glas.

Tá branda Ghaeltacht na hÉireann feiceálach ar na táirgí ar fad, agus gné díolacháin uathúil á chur in iúl leis an mbranda.

AN BRANDA Á ÚSÁID AG EAGRAÍOCHT FORBARTHA POBAIL

Bia Farráige Árann



Bhunaigh Comharchumann Forbartha Árann Teo an comhlacht Bia Farráige Árann Teo sa bhliain 2018. Is comhfhiontar atá sa ghnó seo idir an Comharchumann agus Rosaria Piseri. Gnó táirgthe táirgí feamainne atá i gceist, mar shampla, réimse bia agus deochanna orgánacha bunaithe ar fheamainn, ola olóige agus anlainn agus táirgí feamainne inite.

Tá branda Ghaeltacht na hÉireann feiceálach ar na táirgí ar fad, agus gné díolacháin uathúil á chur in iúl leis an mbranda. Tugann branda Ghaeltacht na hÉireann le fios go bhfuil rud éigin speisialta faoi tháirgí Bia Farráige Árann, agus nuair a thugtar san áireamh gur táirgí iad atá cruthaithe as acmhainn nádúrtha sa Ghaeltacht, ag eagraíocht forbartha pobail Gaeltachta, níl aon cheist faoi sin.

10 Stair

Bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta i nGaeltacht Chonamara in 1969 faoi thionchar na ngluaiseachtaí cearta daonna a bhí i réim ar fud an domhain, i dtuaisceart Éireann agus sna Stáit Aontaithe san áireamh. B'údar díomá agus feirge do lucht na Gluaiseachta bánú na Gaeltachta ag an imirce agus easpa forbartha agus oideachais sna réigiúin sin.

I measc na n-éileamh a bhí ag an nGluaiseacht, bhí údarás daonlathach Gaeltachta. Bhí Gaeltarra Éireann in áit cheana féin, ach le haidhmeanna níos teoranta ná mar a bhí ar intinn ag na nGluaiseacht, dírithe go sonrach ar chúrsaí fostaíochta.

Éilíodh go ndéanfadh údarás Gaeltachta, le bord a bheadh tofa ag muintir na Gaeltachta, rialú ar na ceantair Ghaeltachta agus go n-aithneofaí an Ghaeltacht mar réigiún sainiúil ar leith. Eagraíodh feachtais sa tréimhse idir 1969 agus 1979 le húdarás Gaeltachta a bhunú agus faoi 1979, reáchtáladh toghcháin do bhord an Údaráis ar an 12 Nollaig 1979.

- In Uachtar: Cathal Mac Gabhann, an chéad phríomhfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta
- Clé: Máirtín Ó Cadhain ag labhairt ar son Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta
- Ar dheis: Bhí Óstán na Sceilge sa Daingean ar cheann de thograí Ghaeltarra Éireann





*Cruinniú Stairiúil
an Údaráis*

"Ní féidir le duine ar bith a rá feasta nach bhfuil guth na Gaeltachta le chloíteáil go tréan sa príomhchomhlacht reachtúil atá ag plé le forbairt na Gaeltachta" a dúirt Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn T.D. nuair a bhí sí i láthair san Ardóifig chun Údarás na Gaeltachta a ghairmeá go foirmeáil. Chuir sí fáilte roimh an Cathaoirleach nua-cheapaithe, Micheál O Máille, roimh na comhaltaí eile a ghlac le ceapachán uafithe fírinne agus adu go háirithe roimh na comhaltaí a bhí tofa go daonlathach ag pobal na Gaeltachta don chéad uair riamh. "Tréadaim leis na daoine a sheas sa toghchán agus a tháinig ehuas tosaigh nuair a comhairleach na vótaí agus is féidir náireid ag feitheamh le hionadaithe dá leithéid" a dúirt sí. "Ta fáil again go mbeidh a rian le haidhant san obair mhór atá romhainn agus go mbeidh páirt níos gníomhaí ná riamh ag an bpobal san obair sin".

Faoi Chomhairle Mhór
Dúirt an tAire gur mór an phribhléid di féin gur ar a ceannsa a thit sé na díreanna doiridh a ghlacadh chun Údarás na Gaeltachta a bhunú ach gurb é an

→ Aire na Gaeltachta, Máire Eochagáin Uí Chuinn, T.D. agus comhaltaí an Údaráis nua, ó chlé, chun tosaigh tá: Máire Bean Mhic Niallais (Dún na nGall), Seán Ó Neachtain (Gaillimh), Aire na Gaeltachta, Maitiu O'Neill (I. T.G. W. U.), Micheál O Maille (Cathaoirleach). An gcuil: T.P. Ó Conchubhair (Ciarrnaí), P6I Ó Foighil (Gaillimh), Breandan Mac Gearailt (Ciarrnaí), Liam Toibín, (Runaí Roinn na Gaeltachta), An Dr. Pádraig Delap (Dún na nGall), Tadhg Ó Cuinn (Maigh Eo), Domhnall Ó Muimhneacháin (Corcaigh), Tadhg Ó Neill (I.D.A.), Pádraig Ó Ceallaigh (Dún na nGall).

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta sna Forbacha i gCo. na Gaillimhe ar 1 Eanáir 1980. Toghadh seachtar comhalta go daonlathach agus cheap an tAire Gaeltachta ag an am, Máire Geoghegan-Quinn, an cathaoirleach agus cúigear comhalta eile. B'iad seo a leanas na chéad chomhaltaí boird ar Údarás na Gaeltachta: Pádraig Ó Ceallaigh, Pádraig Delap, Tadhg Ó Cuinn, Pól Ó Foighil, Seán Ó Neachtain, Breandán Mac Gearailt, T.P. Ó Conchúir, Micheál Ó Máille, Máire Mhic Niallais, T.S. Ó Néill, M. Ó Néill, Liam Toibín agus Domhnall Ó Muimhneacháin.

Tháinig Údarás na Gaeltachta i gcomharbacht ar an eagras forbartha stáit, Gaeltarra Éireann, a bunaíodh i ndiaidh do Choimisiún na Gaeltachta sainiú ur a dhéanamh ar theorainneacha na réigiún i 1956. Aistríodh feidhmeanna agus foireann Ghaeltarra Éireann go dtí Údarás na Gaeltachta i 1980. Bhí aidhmeanna an Údaráis bunaithe go sonrath ar éilimh Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na blianta roimhe sin agus sainíodh príomhdhualgas an eagrais stáit nua sa chéad Thuarascáil Bhliantúil i 1980:

"I gcaoi gur fearr na deiseanna a bheidh ag na cainteoirí dúchais Gaeilge fanacht sa Ghaeltacht agus cloí leis an teanga is é an príomhdhualgas atá ar an Údarás ná lán fhostaíocht a chur ar fáil dóibh a luaithe is féidir"

(Tuarscáil Bhliantúil Údarás na Gaeltachta, 1980, 8.)

Bhí caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomhaidhm aige chomh maith.



1980

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta sna Forbacha i gCo. na Gaillimhe ar 1 Eanáir 1980. Aistríodh feidhmeanna agus foireann Ghaeltarra Éireann go dtí Údarás na Gaeltachta.

1983

D'oscail Údarás na Gaeltachta ionad le freastal ar aonaid bheaga thionsclaíocha in Ionad Tionsclaíochta Ghaoth Dobhair.

1986

Bunaíodh an fochomhlacht G-Com Teo., ar mhaithe le húsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha teileachumarsáide agus eolais a chur chun cinn.

1988

Bunaíodh Telegael Teo., chun réimse cuimsitheach de shaoráidí táirgthe agus iartháirgthe chlár teilifíse a chur ar fáil do léiritheoirí neamhspleácha agus do RTÉ ar mhaithe le tionscail na teilifíse sa Ghaeltacht a fhorbairt.

Éabhlóidiú

Bhí sé mar aidhm lárnach go dtacódh an tÚdarás le tograí a bhain leas as scileanna dúchais agus as acmhainní nádúrtha na Gaeltachta mar aon le réimse leathan de thionscail nua a fhorbairt agus a threisiú sna réigiúin Ghaeltachta.

Cé gur tháinig laghdú de bheagán ar lánfhostaíocht na Gaeltachta, i gcomhthéacs an chúlaithe eacnamaíochta domhanda, i mblianta tosaigh an Údaráis rinneadh tréan-iarracht tograí fiúntacha a bhunú ar mhaithe le fostaíocht bhreise a chruthú agus na tionscail sin a bhí á bhfeidhmiú ach nach raibh fiúntas leo a dhúnadh. B'údár sásaimh é gur tháinig méadú ar lánfhostaíocht na réigiún arís sa bhliain 1982 agus cruthaíodh poist nua ar shlíte éagsúla sna blianta a lean, i dtionscail fhadhbunaithe agus i dtionscail nua. Bhí sé mar aidhm lárnach go dtacódh an tÚdarás le tograí a bhain leas as scileanna dúchais agus as acmhainní nádúrtha na Gaeltachta mar aon le réimse leathan de thionscail nua a fhorbairt agus a threisiú sna réigiúin Ghaeltachta. Faoi mbliain 1987 mar shampla, rinneadh forbairt straitéiseach i dteicstíl, muir-shaothrú, leictreonaic, margaíocht agus ceannaíodh na cearta iascaigh do chuanta Chill Chiaráin agus na Beirtrí Buí agus tugadh ar léas iad do Chomharchumann SLOGÉISC Chonamara.

Níorbh fhada gur thuig an tÚdarás an géarghá a bhí le jabanna nua a chruthú i dtionscail na teicneolaíochta nua-aimseartha agus le bonneagar oiriúnach teileafóin a sholáthar sa Ghaeltacht ar mhaithe le dlúthcheangal a chothú idir muintir na Gaeltachta agus le comhlachtaí a mhealladh go dtí na

réigiúin. Cuireadh riachtanais fhorbartha na réigiún Gaeltachta in iúl do Telecom Éireann le linn chomhráití in 1986 agus bunaíodh an fochomhlacht G-Com Teo., ar mhaithe le húsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha teileachumarsáide agus eolais a chur chun cinn. Bunaíodh stáisiún eile dá chuid in 1987 i nDaingean Uí Chúis, sna Forbacha, i mBéal an Mhuirthead agus ar an mBun Beag le dlúthcheangal a chothú idir réigiúin scaipthe na Gaeltachta agus ar mhaithe le gnóthaí ríomhaireachta agus teileachumarsáide eile a mhealladh go dtí an Ghaeltacht. Bunaíodh fochomhlacht eile Telegael Teo., chun réimse cuimsitheach de shaoráidí táirgthe agus iartháirgthe chlár teilifíse a chur ar fáil do léiritheoirí neamhspleácha agus do RTÉ ar mhaithe le tionscail na teilifíse sa Ghaeltacht a fhorbairt.

Ag tógáil ar an méid a bhí bainte amach ag feachtais chun teilifís Ghaeltachta a bhunú sna blianta roimhe sin, ag leithéid Bob Quinn agus Ciarán Ó Feinneadh, bheartaigh Údarás na Gaeltachta pleananna a chur i dtoll a chéile ar mhaithe le tionscail chlosamhairc agus teilifíse a bhunú sa Ghaeltacht. Chinnteodh cainéal teilifíse Gaeilge stádas comhaimseartha don teanga agus chuideodh sé seo le borradh a chur faoi thionscail an chlosamhairc sna réigiúin Ghaeltachta i gcoitinne.



→ Lucht freastail ar an gcéad chúrsa meáin de chuid an Údaráis, 1989-1990:
Tosach ó chlé: Aodh Ó Coileáin, Niall Mac Eamharcaigh, Miriam Judge (Cóláiste Cumarsáide Video Cam), John Barr, Mairéad Dínny Ní Ghallachóir, Ciaran Ó Tuairisc, Micheál Ó Meallaigh agus Bríd Ní Shirín.
Cúl ó chlé: Ruán Ó Bric, Seán Ó Neachtain, Pól Ó Foighil, Cóilín Ó Scoláí, Séamus Ó Lorcáin, Seán Ó Domhnaill, Micheál G Ó Gallachóir, Seosamh Ó Cuaig agus Fionbarra Ó Muirí.
→ An tAire Ealaíne, Cultúir agus Gaeltachta, Michael D Higgins, ag seoladh TG4 in 1996.

Bhí bunú tionscnaimh na teilifíse sa Ghaeltacht mar thosaíocht ag an Údarás agus rinneadh infheistíocht shuntasach san earnáil sna 1990idí, go dtí gur bunaíodh Teilifís na Gaeilge i mBaile na hAbhann an 31 Deireadh Fómhair 1996. Anuas air sin, rinneadh maoiniú ar na hearnálacha seo a leanas agus borradh á chur faoin bhfostaíocht iontu; An Innealtóireacht Mheicniúil (32%), Seirbhísí (30%), Déantúsaíocht eile (15%), Acmhainní Nádúrtha (10%), Bia (6%), Teicstílí & Éadach (5%) agus Rubar & Plaistice (2%).

Is in earnáil na seirbhísí is mó a cruthaíodh jabanna in 2004, agus fógraíodh plean Pháirc Fhorbartha Muir-shaothraithe a fhorbairt i gCill Chiaráin sa bhliain 2001. Bhí plean forbartha beartaithe don bhfeirmeoireacht bradán ar luach £30 milliúin (€38 milliúin) an bhliain chéanna. Cuireadh plean straitéiseach i dtoll a chéile i leith forbairt na turasóireachta sa Ghaeltacht. Cuireadh acmhainní airgeadais agus foirne ar fáil don bhfochomhlacht, GAELSAOIRE Teo., ar mhaithe leis an nGaeltacht mar cheannscribe ar leith a chur chun cinn.

1996

Bunaíodh Teilifís na Gaeilge i mBaile na hAbhann ar an 31 Deireadh Fómhair 1996.

2002

Bhunaigh an tÚdarás tascfhórsa chun athréimniú a dhéanamh ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair & cur leis an bhfostaíocht ann

2012

Le feidhmiú Acht na Gaeltachta in 2012, cuireadh cúram reachtaíochta ar Údarás na Gaeltachta i leith na teanga, cúram a bhí intuigthe go dtí sin ach nach raibh leagtha amach i reachtaíocht.

2020

Ceiliúradh á dhéanamh ag Údarás na Gaeltachta ar shroichint chloch mhíle shuntasach an dá scór ar an bhfód.

Teanga

Le feidhmiú Acht na Gaeltachta in 2012, cuireadh cúram reachtaíochta ar Údarás na Gaeltachta i leith na teanga, cúram a bhí intuigthe go dtí sin ach nach raibh leagtha amach i reachtaíocht.

Faoin Acht, tá Údarás na Gaeltachta freagrach as próiseas pleanála teanga a chur i bhfeidhm sna réigiúin Ghaeltachta. An aidhm atá leis an bpróiseas ná an Ghaeilge mar theanga teaghlach agus mar theanga phobail a neartú trí phleananna teanga a fheidhmiú i réimsí áirithe lena n-áirítear an teaghlach, i measc na hóige, sa chóras oideachais, san earnáil ghnó agus san earnáil phoiblí. Cuirfidh na pleananna seo, atá ullmhaithe i gcomhar leis an bpobal, le húsáid na Gaeilge sna réigiúin.

Cé go bhfuil sainiú oifigiúil déanta anois ar ról Údarás na Gaeltachta faoin Acht, is fiú a mheabhú go raibh an phleanáil teanga ag tarlú i ngach gné d'obair an Údaráis ó bunaíodh é in 1980. Is ionann an phleanáil teanga agus gníomh a chuirtear i gcrích chun tionchar a imirt ar chumas, ar chleachtas agus ar chreideamh i leith na teanga. Tá an tÚdarás, sa chomhthéacs sin, ag tacú le cothú agus neartú na Gaeilge le fada an lá, trí na gníomhaíochtaí go léir a bhíonn ar siúl aige sna réimsí forbartha pobail, forbairt fiontraíochta, cultúrtha, sóisialta agus teanga.

Tá an tÚdarás ag obair go dlúth le pobal na Gaeltachta chun tacú le gach gné den phróiseas pleanála teanga sa lá inniu. Tá comhoibriú agus rannpháirtíocht an phobail, an Stáit agus earnálacha príobháideacha agus deonacha riachtanach chun go mbeidh rath ar an bpróiseas seo agus go mbeifear in ann an Ghaeilge a bhuanú sa Ghaeltachta mar theanga bheo.

Athrú suntasach eile a d'eascair as Acht na Gaeltachta 2012, ná struchtúr Bhord Údarás na Gaeltachta. Cuireadh deireadh leis an gcur chuige a bhí ann ó bunaíodh an tÚdarás in 1980, i dtaobh baill den bhord a bheith tofa ag na pobail Ghaeltachta i dtoghchán. Faoi Acht na Gaeltachta 2012, is meascán de cheapacháin a dhéanann Aire na Gaeltachta atá ar an mbord, agus baill a bhfuil a n-ainmniúcháin curtha ar aghaidh ag Comhairlí Contae Gaeltachta.

Reatha

Tá inbhuanaitheacht i gcroílár cur chuige an Údaráis sa lá atá inniu ann.



In 2018, nuair a d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta straitéis na heagraíochta a thabharfadh suas go comóradh 40 bliain na heagraíochta in 2020 é, ba léir go raibh athruithe suntasacha tagtha ar chur chuige na heagraíochta ón am gur bunaíodh í in 1980.

Nuair a tháinig titim tubaisteach ar chúrsaí fostaíochta ar Eastát Gnó Ghaoth Dobhair i nDún na nGall ag deireadh na nóchaidí, ba léir go raibh cur chuige nua ag teastáil. Bhog go leor comhlachtaí a gcuid obair táirgthe chomh fada le tíortha eile ina raibh pá agus costais eile déantúsaíochta níos ísle, in oirthear na hEorpa agus san Áis go príomha. Thug an tÚdarás aghaidh ar an ngéarchéim le gníomhartha sonracha chun fostaíocht a neartú arís ar an Eastát Gnó, le fócas ar sheirbhísí, ar fhostaíocht inbhuanaithe agus ar fhostaíocht a bhí ceangailte le hacmhainní an cheantair, idir scileanna an fhórsa saothair agus acmhainní nádúrtha.

Tá inbhuanaitheacht i gcroílár cur chuige an Údaráis sa lá atá inniu ann, i dtograí straitéiseacha ar nós Páirc na Mara, mar shampla, atá ceangailte go láidir leis an gceantar ina bhfuil sé á lonnú ann. Tá béim ar an turasóireacht, tionscail eile atá dlúthcheangailte leis an áit ina bhfuil sé lonnaithe. Aithnítear go bhfuil deis fadtéarmach i dtaobh fostaíochta ag brath ar an gceantar ina bhfuil sé lonnaithe.

Breathnaítear ar chuile ghné den inbhuanaitheacht, agus Údarás na Gaeltachta ag forbairt tograí fuinnimh in-athnuaite ar mhaithe le Gaeltacht atá chun cinn i dtaobh na timpeallachta agus na nuálaíochta. Táthar i mbun oibre go straitéiseach le na heagrais forbartha pobail le tograí mar sin, agus tograí eile a bhaineann leis an bhfiontraíocht shóisialta, a fhorbairt.

Ar cheann acu seo, tá an gréasán gteic, ina bhfuil deis ag pobal na Gaeltachta teacht ar áiseanna oibre ar chaighdeán ard, agus cur le cultúr fiontraíochta an cheantair.

